



An Roinn Iompair
Department of Transport

An Roinn Iompair

Tuarascáil Bhliantúil

2020

Endorsement text to go here.
If not needed, double click and delete.

Clár na nÁbhar

| | |
|---|-----------|
| Clár na nÁbhar | 3 |
| Ár Misean go Meitheamh 2020 mar Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt .. | 6 |
| Ár Luachanna, ár nIompraíochtaí agus ár gCultúr | 6 |
| Ár Spriocanna Ardleibhéil | 6 |
| Réamhrá ón Aire | 8 |
| Réamhrá ón Aire Stáit | 11 |
| Ráiteas ón Ard-Rúnaí | 13 |
| Sracfhéachaint ar Chaiteachas in 2020..... | 14 |
| Léargas ar Iompar 2020..... | 15 |
| Comhtháthú le Beartas Níos Leithne an Rialtais | 16 |
| Tionchair COVID-19 | 16 |
| Brexit | 18 |
| An Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas | 19 |
| Gníomhú ar son na hAeráide | 20 |
| Beartas agus Infheistíocht na hEorpa | 25 |
| Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe | 26 |
| Taighde agus Anailís Straitéiseach | 27 |
| Córais Iompair Chliste (ITS) | 28 |
| Pleanáil Éigeandála | 31 |
| Iompar ar Tír | 32 |
| Creat Infheistíochta Iompair | 32 |
| Bóithre Náisiúnta | 33 |
| Iompar Poiblí | 36 |
| Inrochtaineacht ar Iompar Poiblí | 39 |
| Ceadúnú Oibreoirí Iompair ar Bóthar | 43 |
| Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre | 43 |
| Rialáil Iarnróid | 45 |
| An tAonad um Imscrúdú Tionóiscí Iarnróid | 46 |
| Rialáil Feithiclí Beaga Seirbhíse Poiblí (SPSV) | 48 |
| Rialáil Busanna agus Cóistí | 48 |
| Beartas um Shoghluaisteacht Inbhuanaithe | 49 |
| Taisteal Gníomhach | 50 |
| Bonneagar | 50 |

| | |
|--|-----------|
| Cláir um Athrú Iompraíochta | 51 |
| Eitlíocht | 53 |
| Beartas Náisiúnta Eitlíochta d'Éirinn | 53 |
| Freagairt na hEitlíochta ar COVID-19 | 53 |
| Sábháilteacht Eitlíochta | 55 |
| An tAonad um Imscrúdú Aerthionóiscí (AAIU) | 56 |
| An Coiste Náisiúnta um Éascaíocht Aeriompair | 57 |
| Grúpa Oibre Éascaithe na Comhdhála Eorpaí um Eitlíocht Shibhialta (ECAC) | 58 |
| An Fóram Náisiúnta um Fhorbairt Eitlíochta Sibhialta | 58 |
| Brexit | 58 |
| Tionscadal an Rúidbhealaigh Thuaidh | 59 |
| Réamh-imréiteach na Stát Aontaithe | 59 |
| Staitisticí Eitlíochta | 59 |
| Táillí Aerfoirt | 59 |
| Comhaontuithe Aeriompair | 60 |
| Léasú Eitlíochta | 61 |
| Trádáil Taistil | 61 |
| Rialáil Eitlíochta a Athstruchtúrú | 62 |
| An Earnáil Mhuirí | 63 |
| Freagairt COVID-19 | 63 |
| Beartas Náisiúnta um Chalafoirt | 64 |
| Árthaí faoi Bhrat na hÉireann | 65 |
| Athbhreithniú ar an Earnáil Mhuirí | 65 |
| Reachtaíocht maidir le Sábháilteacht Mhuirí | 66 |
| Dálaí Maireachtála agus Oibre san Earnáil Iascaireachta | 67 |
| Cóid Chleachtais | 69 |
| An tAcht Loingis Cheannaíochta 1894 a Chomhdhlúthú | 69 |
| Fógraí Muirí | 69 |
| Laghduithe ar Astuithe Gáis Cheaptha Teasa Muirí | 70 |
| Cigireachtaí Rialaithe Stáit MoU Pháras | 70 |
| Iarratais ar Shuirbhéanna Long | 71 |
| Scéim Oideachais agus Oiliúna Muirí | 71 |
| Slándáil Mhuirí | 71 |
| Cuardach agus Tarrtháil (SAR) | 71 |
| Turasóireacht agus Spórt | 76 |
| Ár dTiomantas don Fheidhmíocht | 77 |

| | |
|--|-----------|
| Athnuachan na Státseirbhíse | 77 |
| Airgeadas na Roinne | 77 |
| Tuairisciú agus monatóireacht ar Sholáthar Poiblí Glas | 78 |
| Tuarascáil Achomair ar Nochtadh Cosanta | 78 |
| Lucht Saothair a Phleanáil | 78 |
| Foghlaim agus Forbairt | 78 |
| Rialachas Corparáideach ar ár nGníomhaireachtaí | 79 |
| Ceapacháin ar Bhoird Stáit | 79 |
| Dualgas na hEarnála Poiblí | 81 |
| Seirbhísí Faisnéise | 81 |
| Cóiríocht | 81 |
| Aguisín 1 | 83 |
| Airí agus Ard-Bhainistíocht | 83 |
| Aguisín 2 | 84 |
| Reachtaíocht Roinne | 84 |
| Aguisín 3 | 86 |
| Staitisticí Gharda Cósta na hÉireann – Treocht Sé Bliana | 86 |

Ár Misean go Meitheamh 2020 mar Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt

Mar Roinn Rialtais láir, ag freastal ar an Rialtas agus ar mhuintir na hÉireann, is é an misean atá againn ná forbairt shábháilte inbhuanaithe an iompair, na turasóireachta agus an spóirt a mhúnlú, chun tacú le fás eacnamaíoch agus le dul chun cinn sóisialta..

Ár Luachanna, ár nIompraíochtaí agus ár gCultúr

Féachann an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt i gcónaí le luachanna agus iompraíochtaí a bhunú, a fhorbairt agus a chothabháil a uasmhéadaíonn cumas na heagraíochta a cuspóirí sonraithe a bhaint amach. Tá cultúr na roinne ina cuid dhílis de struchtúir na roinne agus den chaoi a ndéanann sí a cuid feidhmeanna agus a cuid seirbhísí a sheachadadh. Chomh maith lena dualgas a bheith gairmiúil, freagrúil, oscailte agus cuntasach, tá an Roinn tiomanta go daingean d'athchóiriú, nuálaíocht agus feabhsú leanúnach.

Leagtar amach anseo thíos príomhphrionsabail éiteas na roinne, lena léirítear éiteas na Státseirbhíse i gcoitinne:

- Seasann an roinn le luachanna na Státseirbhíse, lena n-áirítear éiteas seirbhíse poiblí atá fréamhaithe go domhain de neamhspleáchas, ionracas, neamhchlaontacht, comhionannas, cothroime agus meas.
- Tacaíonn an roinn le cultúr cuntasachta, éifeachtúlachta agus luach ar airgead agus cuireann sí i bhfeidhm é.
- Tá an roinn tiomanta do na caighdeáin is airde gairmiúlachta, ceannaireachta agus déine.

Ár Spriocanna Ardleibhéil

Agus an misean seo á leanúint againn, dírimid ar na Spriocanna Ardleibhéil inár Ráiteas Straitéise 2016-2020. Is iad na spriocanna seo:

- Iompar ar Tír: an freastal is fearr a dhéanamh ar riachtanais na sochaí agus an gheilleagair trí ghréasáin agus seirbhísí iompair atá sábháilte, inbhuanaithe agus iomaíoch.
- Eitlíocht: nascacht aeriompair a uasmhéadú le hearnáil eitlíochta atá sábháilte, iomaíoch, cost-éifeachtúil agus inbhuanaithe.
- An Earnáil Mhuirí: iompar muirí sábháilte agus inbhuanaithe agus seachadadh seirbhísí bainistíochta éigeandála a éascú.
- Turasóireacht: chun tacú le tionscal na turasóireachta fás ar bhealach inbhuanaithe.
- Spóirt: cuidiú le sochaí níos sláintiúla agus níos gníomhaí trí rannpháirtíocht spóirt a chur chun cinn agus trí thacú le hardfheidhmíocht agus le saoráidí spóirt a sholáthar.

Tá ár seirbhísí tacaíochta corparáidí ríthábhachtach chun spriocanna a sheachadadh go rathúil.

Is é ár Misean mar Roinn Iompair, tar éis feidhmeanna turasóireachta agus spóirt a aistriú, ná córas iompair atá inrochtana, éifeachtach, sábháilte agus inbhuanaithe a sholáthar a thacaíonn

le pobail, teaghlaigh agus gnólachtaí. Léirítear tuilleadh sonraí ar luachanna agus spriocanna na Roinne Iompair sa Ráiteas Straitéise 2021-2023, Ráiteas Straitéise reatha na Roinne.

Réamhrá ón Aire

Ba bhliain í 2020 nach ndéanfaimid dearmad go deo uirthi, agus bhí tionchar ag an bpaindéim COVID-19 ar gach gné dár saol, idir ghairmiúil agus phearsanta. Mar thoradh ar an bpaindéim tugadh léiriú láidir ar na naisc atá ann idir ár sláinte, ár n-aeráid, ár rathúnas, ár slándáil, agus ár gcobhsaíocht agus thug sé orainn athmhachnamh a dhéanamh ar ár gcuid tosaíochtaí agus luachanna. Don roinn seo, is éard a bhí i gceist leis ná aghaidh a thabhairt ar na dúshláin leathana a bhaineann le tacú lenár nascacht agus le naisc iompair agus lóistíochta a chothabháil trí Covid. Ag an am céanna, bhí obair fhairsing ag teastáil chun ullmhú do Brexit. Tar éis mo cheapacháin sa Samhradh, d'oibrigh an Roinn go tapa chun clár oibre an Rialtais nua a sheachadadh le tosaíochtaí nua, le fócas ar leith ar ár n-oibleagáidí agus ár bhfreagrachtaí maidir le hathrú aeráide a chomhlíonadh.



Leis Clár an Rialtais cuirtear tiomantas orainn athrú bunúsach a dhéanamh ar nádúr an iompair in Éirinn. Chun ár spriocanna uaimhianacha maidir le laghdú astuithe a bhaint amach, tá gach iarracht á dhéanamh chun a chinntiú go dtugtar tús áite do thaisteal gníomhach agus iompar poiblí agus go mbeidh rochtain iomlán ag cách orthu.

D'fheidhmigh an phaindéim mar chatalaíoch, rud a chuir ar ár gcumas beartais radacacha a measadh a bhí dodhéanta roimhe seo a chur i bhfeidhm. Mar gheall air seo bhí gá le hathrú céime ar an gclár oibre dícharbónaithe agus le hath-ailíniú straitéiseach laistigh den Roinn.

Tiomantais aeráide

Sa bhliain 2020, lean an roinn ar aghaidh le bearta a chur i bhfeidhm chun an chaoi a ndéanaimid taisteal a athrú. Thacaigh sé le hinfheistíocht i soghluaisteacht inbhuanaithe agus d'oibrigh sé i dtreo an cabhlach iompair a dhícharbónú trí bhreoslaí agus teicneolaíochtaí malartacha a chur chun cinn.

Chomh maith le pleanáil le haghaidh oiriúnú d'iarhairtí an athraithe aeráide agus imeachtaí foircneacha aimsire, d'oibrigh mo roinn freisin ar aghaidh a thabhairt ar na tionchair a bhíonn ag leibhéil iompair atá ag dul i méid ar mhórchathracha na hÉireann trí dhíriú ar bhainistiú éilimh agus dreasachtaí d'fheithiclí ar astaíochtaí ísle.

Naisc a choinneáil

Mar roinn atá lárnach maidir le nascacht a chumasú - go domhanda, go náisiúnta agus go háitiúil - bhí sé ríthábhachtach go léireois inoiriúnaitheacht d'imeachtaí a bhain le COVID-19 a raibh tionchar acu ar an gcúrsa do 2020 agus a leag amach an cúrsa.

Le teacht na paindéime, bhí dúshláin shuntasacha roimh ár n-aerfoirt, ár n-aerlínte agus ár n-oibreoirí farantóireachta mar a bhí roimh oibreoirí iompair phoiblí, poiblí agus príobháideach.

D'fhreagair an Roinn agus ár ngníomhaireachtaí go tapa chun a chinntiú go leanfadh seirbhísí ar aghaidh agus gur tugadh tacaíocht do ghnóilachtaí. Tugadh isteach bearta ar fud an chórais iompair phoiblí, arna dtreorú ag comhairle sláinte poiblí, chun oibriú sábháilte seirbhísí riachtanacha a choinneáil. Le leithdháileadh breise buiséadach, bhíothas in ann oibriú leanúnach na seirbhísí iompair phoiblí in 2020 lena n-áirítear seirbhísí ríthábhachtacha Local Link. Ath-implonnaíodh go leor "Seirbhísí a Fhreagróidh ar Éileamh" i gceantair thuaithe le haghaidh seirbhísí 'bailiú agus seachadadh', ag seachadadh soláthairtí ríthábhachtacha leighis, bia agus eile ó chógaslanna agus ó shiopaí áitiúla do dhaoine leochaileacha den phobal nach raibh in ann taisteal.

Cé go raibh tionchar ar thaisteal idirnáisiúnta ar ndóigh, d'fhan ár gcalafoirt ar oscailt agus coinníodh seirbhísí loingseoireachta den chuid is mó. Tugadh isteach socruithe Oibleagáide Seirbhíse Poiblí (PSO) chun aghaidh a thabhairt ar chliseadh ionchasach sa mhargadh ar phríomhbhealaí loingseoireachta. Rud atá tábhachtach, lean ár n-aerfoirt ag éascú seirbhísí lastais (lena n-áirítear allmhairiú trealamh riachtanach leighis agus Trealamh Cosanta Pearsanta (PPE)) i rith 2020.

Nádúr athraitheach an iompair

Le Tionscadal Éireann 2040 déantar doiciméadú ar an gcreat forbartha spásúlachta agus infheistíochta do na blianta atá le teacht. Laistigh den chreat sin, tá an Rialtas tiomanta d'infheistíochtaí móra chun éifeachtúlacht, éifeachtacht agus inbhuanaitheacht an ghréasáin iompair a fheabhsú agus leis an bPlean Forbartha Náisiúnta (NDP) soláthraítear leithdháiltí táscaha le haghaidh infheistíochta i dtionscadail iompair phoiblí timpeall na hÉireann thar na 10 mbliana atá romhainn. Cuirfidh sé seo dlús le seachadadh roinnt tionscadal agus clár suntasach.

Toisc gur dúnadh go leor láithreán tógála in 2020, cuireadh moill ar thionscnaimh áirithe. Rinneadh dul chun cinn, áfach, ar roinnt scéimeanna straitéiseacha feabhsaithe bóithre réigiúnacha agus áitiúla, agus go ríthábhachtach, leanadh le cothabháil agus deisiú riachtanach agus éigeandála ar bhóithre a dhéanamh i rith na bliana 2020.

Taisteal Pobail agus Gníomhach

Mar thoradh ar shrianta taistil de bharr na paindéime, d'éirigh ár saol ó lá go lá níos logánta. Le níos lú comaitéireachta, bhí níos mó taithí ag saoránaigh ar an rud coitianta, agus meas níos mó acu air. Bhí siúl agus rothaíocht mar chuid de ghnáthamh nua agus bhí infheistíocht shuntasach d'údarais áitiúla, go háirithe Plean Spreagtha Lúil do bhearta Taisteal Gníomhach, mar bhonn agus thaca aige. Leanfaidh mo roinn ag cur leis an móiminteam seo trí thacaíochtaí feabhsaithe a chur i bhfeidhm do Thaisteal Gníomhach agus do Ghlasbhealaí thar shaolré an Rialtais seo.

Tiomantas don tSeirbhís Phoiblí

Ó ceapadh mé i mí an Mheithimh 2020, bhí mé an-tógtha le dúthracht agus tallann na foirne sa Roinn Iompair, a cuid Oifigí agus Gníomhaireachtaí. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo as a dtiomantas le linn 2020 i gcúinsí deacra agus éilitheacha.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt d'obair mo réamhtheachtaí an tAire Shane Ross, agus an tAire Stáit Brendan Griffin, T.D., a chuidigh le héachtaí na Roinne in 2020. Ba mhaith liom

buíochas a ghabháil freisin le mo chomhghleacaí an tAire Stáit Hildegarde Naughton as a hobair, tacaíocht, agus dúthracht leanúnach.

Eamon Ryan, TD
Aire Iompair

Réamhrá ón Aire Stáit

The department's Annual Report highlights an extensive work programme completed in the most challenging of times. Despite the impacts of COVID-19 and the preparations for Brexit, the Department remained resolutely focused on serving and delivering for the public. Leagann Tuarascáil Bhliantúil na roinne béim ar chlár oibre fairsing a cuireadh i gcrích sna hamanna is dúshlánaí. In ainneoin thionchair COVID-19 agus na n-ullmhúchán do Brexit, d'fhan an Roinn dírithe go diongbháilte ar fhreastal agus seachadadh don phobal.

Eitlíocht agus Taisteal

Bhí an eitlíocht ar cheann de na hearnálacha is mó a ndeachaigh paidéim Covid i bhfeidhm uirthi. Choinnigh an roinn i dteagmháil rialta le príomhpháirtithe leasmhara le linn na géarchéime, agus chuir an Rialtas raon tacaíochtaí i bhfeidhm do ghnólachtaí, rud a chuaigh go mór chun tairbhe na hearnála seo. Chuidigh Scéim Nótaí Creidmheasa Aisiocaíochta a tugadh isteach i mí an Mheithimh 2020 freisin chun cabhrú le seasamh leachtachta gníomhairí taistil agus tionscnóirí turas ceadúnaithe Éireannacha le linn na paidéime.



Go luath sa ghéarchéim, bhunaigh an roinn Tascfhórsa um Théarnamh Eitlíochta, a thug comhairle ar chreat chun nascacht eitlíochta a athbhunú agus chun cabhrú le fiontair eitlíochta tacú le téarnamh eacnamaíoch. Ag eascairt ón Tascfhórsa, d'fhógair an Rialtas pacáiste tacaíochtaí €80m don earnáil eitlíochta i mí na Samhna 2020. Clúdaíodh gach aerfort paisinéirí faoin bpacáiste seo lena n-áirítear Baile Átha Cliath, an tSionainn agus Corcaigh. Leanadh le tacaíochtaí spriocdhírthe do na haerfoirt is lú in Éirinn – Dún na nGall, Ciarraí agus Aerfort Iarthar Éireann (An Cnoc) – in 2020 trí Chlár leathnaithe Aerfoirt Réigiúnacha (RAP) 2015 go 2019.

An Earnáil Mhuirí Maritime agus Calafóirt

Mar léiriú ar ríthábhachtacht na hearnála muirí ó thaobh trádála agus nascachta de, agus maidir le gníomhaíochtaí iascaireachta agus áineasa, cuireadh tús le hathbheithniú fairsing ar an earnáil muirí i mí Eanáir 2020 agus foilsíodh Straitéis Stiúrtóireacht Mhuirí na hÉireann mar thoradh air.

I bhfianaise stádas na hÉireann mar gheilleagar beag oscailte, is tairseach ríthábhachtach í an earnáil muirí do ghluaiseacht earraí agus daoine idir Éire agus a comhpháirtithe trádála. As méideanna trádála iomlána na hÉireann, iompraítear os cionn 90% ar muir. Bhí sé ina thosaíocht ag an roinn i mbliana a chinntiú go bhféadfadh calafóirt, oibríochtaí loingseoireachta agus gach gné den slabhra soláthair muirí na hÉireann leanúint ar aghaidh ag feidhmiú ar fud COVID-19.

Cuardach agus Tarrtháil

Chomhordaigh Garda Cósta na hÉireann freagraí ar 2,670 teagmhas in 2020. Mar gheall ar theacht Covid-19, bhí laghdú suntasach ar ghníomhaíocht i rith mhí an Mhárta agus os a choinne sin, buaicphointe cúig bliana i mí Lúnasa.

I rith 2020, thug an Garda Cósta faoi deara go raibh méadú ar dhá ghníomhaíocht a bhí ina gcúis le buarthaí sábháilteachta; méaduithe ar líon na dteagmhas a bhain le daoine a d'úsáid gléasanna inséidte ar thránna agus ar uiscebhealaí intíre le linn mhíonna an tsamhraidh, agus méadú ar an snámh oscailte san fhómhar agus sa gheimhreadh. Admhaíonn an Garda Cósta gur tugadh aird mhaith ar theachtaireachtaí sábháilteachta maidir le snámh san uisce oscailte agus go gcloíonn formhór na rannpháirtithe leis na réamhchúraimí sábháilteachta bunúsacha.

Sábháilteacht ar Bhóithre agus Nuálaíocht

Le linn 2020, chuir an Roinn dlús leis an obair leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre ar fhorbairt Straitéise um Shábháilteacht ar Bhóithre 2021 - 2030. Ag teacht le gealltanais an Rialtais, glacfaidh sé cur chuige Vision Zero agus beidh bearta ar leith ann chun úsáideoirí soghonta bóithre a chosaint.

B'ionann líon na mbásanna ar na bóithre agus 148 in 2020, arbh ionann é sin agus méadú de 8 ar 2019 ar an drochuair. Ba ábhar díomá iad na figiúirí do 2020 i bhfianaise an laghdaithe ar an trácht. Mar sin féin, tá an laghdú ar líon na mbásanna ar na bóithre le cúpla bliain anuas ar cheann de na feabhsuithe sóisialta is suntasaí a d'eascair as idirghabhálacha agus tacaíochtaí beartais phoiblí chomhbheartaithe.

Seachadadh in amanna dúshlánacha

Bliain dhifriúil a bhí in 2020 dúinn go léir, bliain ina raibh cailteanas agus dúshlán ann. Táim bródúil as iarrachtaí na roinne ár ngealltanais gClár an Rialtais a bhaint amach, in ainneoin na gconstaicí iomadúla. Ba ghnóthachtálacha suntasacha iad an obair a rinneadh go hidirnáisiúnta agus go tras-rannach ar thionscnaimh rithábhachtacha amhail Brexit agus slabhraí soláthair a chothabháil. Go praiticiúil, chiallaigh sé seo go lean ár siopaí ag stocáil aráin agus go raibh an trealamh riachtanach ag ár n-ospidéal chun déileáil leis an bpaindéim - obair bhunúsach chun tacú le sláinte agus folláine ár saoránach go léir.

Hildegard Naughton, TD

Aire Stáit

Ráiteas ón Ard-Rúnaí

Is í seo an Tuarascáil Bhliantúil deiridh ar Ráiteas Straitéise 2016 go 2020 na toinne agus leagtar amach ann an dul chun cinn atá déanta ag an toinn maidir lenár spriocanna agus ár gcuspóirí a bhaint amach in 2020.

Tugadh Ráiteas Straitéise nua don tréimhse 2021 go 2023 chun críche i mí Eanáir 2021.

Rinneamar bainistiú ar athruithe eagraíochtúla suntasacha tar éis toghadh an Rialtais nua i mí an Mheithimh 2020. Aistríodh feidhmeanna Turasóireachta agus Spóirt na hiar-Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt chuig an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán nua-bhunaithe.





Mar gheall ar thionchar an víris Covid, mar aon le castachtaí Brexit, cruthaíodh timpeallacht oibriúcháin gan fasach don Roinn Iompair. Sonraítear sa tuarascáil seo conas a thugamar aghaidh ar na dúshláin sin. Ghluaiseamar go tapa chun déileáil leis na dúshláin a bhí romhainn. Is fianaise iad na héachtaí atá leagtha amach sa tuarascáil seo ar an táirgiúlacht a lean ar aghaidh i rith na bliana. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann uile na Roinne Iompair as ligean don roinn a gnó a chur i bhfeidhm i dtithe agus spásanna iargúlta oibre na gcomhghleacaithe. Táim chomh buíoch céanna do cheannaireacht agus d'fhoireann na ngníomhaireachtaí atá faoi chúram na roinne. Ní raibh an dúthracht, an dúthracht agus an tiomantas don tseirbhís phoiblí níos soiléire riamh ná mar a bhí le linn 2020.

Ken Spratt
Ard-Rúnaí


Sracfhéachaint ar Chaiteachas in 2020

Sa bhliain 2020, caitheadh €2.66bn¹ de mhaoiniú cáiniócóra ar fud chlár na roinne leis an miondealú earnála mar atá thíos:



¹ Ba é €2.4 billiún an leithdháileadh tosaigh ag tús 2020 ach rinneadh athbhreithniú air níos déanaí mar gheall ar COVID19.

Léargas ar Iompar 2020



Comhtháthú le Beartas Níos Leithne an Rialtais

Is minic a bhíonn ár misean agus ár spriocanna nasctha go dlúth le réimsí beartais tábhachtacha eile de chuid an Rialtais, agus beidh tionchar marthanach ag go leor dár gcinntí caiteachais agus infheistíochta ar ár bhforbairt shochaíoch agus eacnamaíoch.

Tionchair COVID-19

Chuaigh paindéim Covid go tobann i bhfeidhm ar ghnó na hearnála iompair le linn 2020. Bhí ár nascacht idirnáisiúnta, atá ríthábhachtach dár ngeilleagar oileánda, i mbaol i rith na bliana, agus cuireadh srian mór ar iompar inmheánach freisin, mar gheall ar shrianta a cuireadh i bhfeidhm chun cosaint a thabhairt do shaol agus sláinte an daonra.

Chomh maith le héachtaí na roinne i rith na bliana, sonraítear sa tuarascáil seo na bearta a rinneadh in 2020 chun dul i ngleic le roinnt de na tionchair a bhí ag an bpaindéim dhomhanda Covid-19 agus chun Éire a choinneáil ag gluaiseacht agus ar oscailt do ghnó. Tá achoimre ar na tionchair is tábhachtaí curtha i láthair sna hailt seo a leanas.

Comhordú ar Fhreagairt COVID-19

Chuir an tAonad Pleanála Éigeandála feidhm chomhordaithe ar fáil ar fud na roinne maidir leis an bhfreagairt COVID-19, le hionchur agus cúnamh ó gach earnáil. Áiríodh leis seo rannpháirtíocht i nGrúpa Oifigeach Sinsearach (SOG) faoi chathaoirleacht Roinn an Taoisigh, a bunaíodh chun tacú leis an gCoiste Comh-Aireachta ar COVID-19 agus ag obair go dlúth le ranna eile rialtais. Chomhordaigh an tAonad ionchur na roinne i mbeartais agus i bpleananna náisiúnta, lena n-áirítear an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta ar COVID-19, an Treochlár chun Sochaí agus Gnó a Athoscailt, agus Teacht Aniar agus Téarnamh 2020-2021: an Plean le haghaidh Maireachtáil le COVID-19.

Slabhraí Soláthair agus Loighistic

Bhí tionchar diúltach ag an bpaindéim leanúnach COVID-19 ar shlabhraí soláthair domhanda, agus cuireadh isteach ar leibhéal ghníomhaíochta lastais ar tír, ar muir agus san aer. Bhí sé mar phríomhchuspóir ag an roinn le linn 2020 nascacht iompair a chothabháil, chun tacú le gluaiseacht earraí – go háirithe earraí riachtanacha – isteach agus amach as Éirinn.

Chun leanúnachas naisc iompair chuig agus ó Éirinn agus chuig agus ó ionaid dáileacháin, monarchana, siopaí miondíola agus ospidéal in Éirinn a chinntiú, chuir an roinn roinnt beart i bhfeidhm chun tacú le feidhmiú leanúnach na hearnála tarlaithe bóthair, lena n-áiríodh:

- Maolú sealadach ar rialacha an AE maidir le huaireanta tiomána agus scíthe;
- Leathnú ar dhátaí éaga ar chártaí Teastas Inniúlachta Gairmiúla tiománaithe; agus
- Síneadh ar thréimhsí bailíochta do cheadúnais tiomána.

An Earnáil Mhuirí

Tá an earnáil mhuirí riachtanach do sholáthar leanúnach earraí isteach agus amach as an tír, arb ionann í agus 90% de thrádáil idirnáisiúnta na hÉireann i dtéarmaí méid. Cé go raibh roinnt laghdúithe ar an gcumas, lean seirbhísí calafoirt agus loingseoireachta de ghluaiseacht earraí (agus roinnt paisinéirí) a éascú isteach agus amach as Éirinn i rith 2020.

Eitlíocht

Bhí tionchar mór gan sárú ag COVID19 ar an tionscal eitlíochta. Tháinig laghdú 90% ar thrácht aerlíne ar fud na hEorpa, rud a thug gníomhaíocht agus ioncam gaolmhar chuig an leibhéal ab ísle riamh. Le forchur srianta taistil agus cailliúint eitiltí, bhí dúshlán shuntasacha roimh ár n-aerfoirt agus ár n-aerlínte i rith na bliana. Rud atá tábhachtach, lean ár n-aerfoirt de sheirbhísí lastais a éascú (lena n-áirítear allmhairiú trealamh riachtanach liachta agus Trealamh Cosanta Pearsanta (TCP) agus seirbhísí teoranta paisinéirí le linn 2020).

Iompar Poiblí

Tugadh isteach bearta ar fud an chórais iompair poiblí, arna dtreorú ag comhairle sláinte poiblí, chun cabhrú le hoibriú sábháilte leanúnach na seirbhísí riachtanacha iompair poiblí le linn na paindéime a chinntiú, lena n-áiríodh sceidil athbhreithnithe, suíocháin srianta, réimís ghlantacháin fheabhsaithe agus taispeáint faisnéise sláinte ar bhusanna, tramanna agus traenacha. Le linn na srianta ab airde i rith na bliana, thit líon laethúil na bpaisinéirí ar fud líonra iompair poiblí na hÉireann go dtí níos lú ná 10% de na leibhéil choibhéiseacha in 2019 ar fud na n-oibreoirí go léir.

Ceadúnais Tiomána, Tástáil Tiomána agus Tástáil Teoirice Tiomána

Mar gheall ar an bpaindéim, dúnadh an tSeirbhís Náisiúnta um Cheadúnú Tiomána. Rinne an roinn bearta chun gach ceadúnas tiomána agus ceadúnas foghlaimeora a shíneadh. Cuireadh tástáil tiománaithe agus tástáil teoirice tiománaithe ar fionraí freisin, gan ach tástáil teoranta tiománaithe, ar bhonn éigeandála d'oibríthe riachtanacha ar aicmí áirithe feithiclí ag leanúint ar aghaidh le linn an chuid is mó de 2020.

Bóithre

Dúnadh gach láithreán tógála bóithre maoinithe ag TII i mí an Mhárta 2020, agus ní raibh ach cothabháil agus oibríochtaí riachtanacha ar an ngréasán mótarbhealaigh, Tollán Bhaile Átha Cliath agus Thollán Jack Lynch ag leanúint ar aghaidh. Cé gur lean údaráis áitiúla ar aghaidh ag déanamh deisiúcháin éigeandála agus obair chothabhála gheimhridh ar bhóithre réigiúnacha agus áitiúla tar éis srianta a thabhairt isteach, cuireadh deireadh le gach gníomhaíocht tógála bóithre eile.

Oibríocháin na Roinne

Ón 25 Márta 2020, éascaíodh d'fhoireann na roinne go léir a d'fhéadfadh obair ón mbaile é sin a dhéanamh mura measadh go raibh a bhfreastal san oifig riachtanach. D'oibrigh an Roinn Iompair go tapa chun aistriú rathúil chuig obair ón mbaile a thabhairt chun críche d'fhormhór na foirne laistigh de thréimhse an-ghearr, rud a chuir ar chumas na roinne leanúint lena cuid oibre agus seirbhísí éifeachtacha a sholáthar don phobal.

Brexit

Tar éis don dá pháirtí an Comhaontú Aistarraingthe a comhaontaíodh roimhe seo a dhaingniú le linn Eanáir 2020, d'fhág an RA an AE ar an 31 Eanáir 2020, rud a chuir tús leis an idirthréimhse. Le linn na hidirthréimhse seo, níor ghlac an RA páirt a thuilleadh in obair institiúidí an AE, ach lean sraith reachtaíochta an AE de bheith i bhfeidhm maidir leis an RA agus le hoibreoirí eacnamaíocha na RA.

Leanadh ar aghaidh leis an gcur chuige uile-Rialtais i leith chomhordú saincheistanna Brexit ag Roinn an Taoisigh agus ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála i rith 2020. Bhí Rannán na Roinne um AE agus Beartas Lárnach i gceannas ar ullmhú agus ar chomhordú iomlán na freagartha ar Brexit d'fhonn soláthar anailíse comhtháite agus cuimsitheach a chinntiú.

Tar éis di a bheith ag obair roimhe seo ar phríomhthosaíochtaí na caibidlíochta AE/RA a shainaithint, chuir an roinn ionchur ar fáil trí na struchtúir a bunaíodh go lárnach chun treoir a thabhairt don phlé faoin gcomhaontú ar shainordú an Choimisiúin Eorpaigh chun caibidlíocht a dhéanamh leis an RA. Mar chuid de phróiseas an AE chun an sainordú caibidlíochta a fhorbairt, reáchtáladh sraith seimineár cothrománach agus earnála sa Bhruiséil le linn Eanáir 2020. Ghlac an roinn páirt sa seimineár iompair a thug aghaidh ar gach modh iompair ábhartha leis an mbéim ar aeriompar agus ar tharlú bóthair.

D'fhorhmeas Ballstáit an AE dréachtchomhaontú dlí an Choimisiúin Eorpaigh don chomhpháirtíocht idir an AE agus an RA amach anseo agus na treoracha caibidlíochta sa Chomhairle Gnóthaí Ginearálta an 25 Feabhra 2020, rud a réitigh an bealach do thús na caibidlíochta, a thosaigh i mí an Mhárta 2020.

Mar gheall ar COVID-19, rinneadh cuid den chaibidlíocht trí fhíschomhdháil ach bhíodhas in ann tosú arís ar bhonn pearsanta níos déanaí sa bhliain. Le linn an dara leath de 2020, bhí fócas an AE fós ar dhul i ngleic leis an RA sa chaibidlíocht caidrimh todhchaí i gcomhréir leis an sainordú a comhaontaíodh leis na Ballstáit an 25 Feabhra. In ainneoin easpa dul chun cinn leanúnach i bpríomhréimsí ar nós na páirce imeartha cothrom, rialachas agus iascach, leanadh ar aghaidh leis an bplé agus tháinig méadú ar a minicíocht agus ar a ndéine i dtreo dheireadh na bliana. Mar thoradh ar an diansaothrú sin, thángthas ar dhréacht-Chomhaontú Trádála agus Comhair idir AE agus an RA (EU-UK TCA) an 24 Nollaig 2020.

Comhthreomhar leis an gcaibidlíocht leanúnach, agus mar chuid d'ullmhúcháin níos leithne an Rialtais, leanadh le planáil theagmhasach Brexit le linn 2020 ar fud na n-earnálacha iompair go léir. Lean an roinn de bheith rannpháirteach sa phleanáil theagmhasach seo, lena n-áiríodh cuidiú le dréachtú Phlean Gníomhaíochta an Stáit um Ullmhacht Brexit a foilsíodh an 9 Meán Fómhair 2020. Thóg an plan gníomhaíochta seo ar an obair a rinneadh i bPleananna Teagmhais Brexit an Rialtais mhí na Nollag 2018 agus mhí Iúil 2019 agus sionraíodh gníomhaíochtaí uile-Rialtais ar tugadh fúthu agus iad siúd a bhí le déanamh ag gnóthais agus ag daoine aonair roimh dheireadh na hidirthréimhse an 31 Nollaig 2020.

Toisc nach raibh aon socruithe uathoibríocha agus indéanta um chúlú do nascacht idirnáisiúnta san eitlíocht agus i dtarlú bóthair bhóthar, lean an roinn, in éineacht leis an Roinn

Gnóthaí Eachtracha, de bhearta theagmhasacha a mholadh ar leibhéal an AE ag gach deis, agus ag gach leibhéal. An 10 Nollaig, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach tograí do rialacháin theagmhasacha i réimsí Nascacht Iompar ar Bhóithre, Nascacht Eitlíochta agus Sábháilteacht Eitlíochta. Mura dtiocfaí ar chomhaontú uileghabhálach, chinnteodh na rialacháin sin nascacht bhunúsach chómhalartach aeir agus bóthair idir an AE agus an RA ar feadh tréimhse sé mhí.

I rith 2020, lean an Grúpa Bainistíochta Tráchta ar aghaidh ag obair chun na pleananna bainistíochta tráchta a forbraíodh roimh Brexit féideartha gan aon chomhaontú a bheachtú. Is beart teagmhasach iad na pleananna seo a leagann amach an fhreagairt oibríochtúil ar an riosca brú tráchta breise a bhaineann le Brexit chuig Calafort Bhaile Átha Cliath agus a phurláin.

Tá na pleananna bunaithe ar dhlúth-chomhoibriú na gcomhlachtaí éagsúla Stáit ar nós Bonneagar Iompair Éireann a bhainistíonn an gréasán bóithre náisiúnta, lena n-áirítear Tollán an Chalafort agus mótarbhealaí an M50 agus an M1, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, An Garda Síochána, Comhlacht Chalafort Bhaile Átha Cliath, agus na Coimisinéirí Ioncaim a bheidh ag maoirsiú na gcóras atá i bhfeidhm chun seiceálacha a dhéanamh laistigh den Chalafort.

Ghlac gach Rannán ábhartha laistigh den roinn páirt in obair a bhain le Brexit agus d'fhan siad i dteagmháil rialta le gníomhaireachtaí agus páirtithe leasmhara aonair ar ábhair shonracha a bhain le Brexit de réir mar a tháinig siad chun cinn.

An Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas

Ag obair tríd an gComhairle Aireachta Thuaidh/Theas (CATT), áirítear le gealltanais Rialtas na hÉireann faoin Deich mBliana Nua, Cur Chuige Nua (NDNA) tionscadail bhonneagair a sheachadadh a rachaidh chun tairbhe do dhaoine ar fud an oileáin, nascacht níos fearr a bhaint amach, Thuaidh agus Theas, agus infheistíocht a dhéanamh i réigiún an Iarthuaiscirt agus i bPobail na Teorann.

Roimh 2020, bhí an cruinniú ba dhéanaí ag gComhairle Aireachta Thuaidh/Theas i mí na Nollag 2016. Tar éis athbhunú Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann, agus bunú Rialtas nua na hÉireann, thosaigh gnáthphatrún cruinnithe na Comhairle arís i mí Iúil 2020.

Reachtáladh cruinniú Iompair den Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas in Oifigí Comhrúnaíochta CATT, Ard Mhacha agus trí fhíschomhdháil ar 7 Deireadh Fómhair 2020. D'fhreastail Nichola Mallon CTR, an tAire Bonneagair, Gordon Lyons CTR, Aire Sóisearach, An Oifig Feidhmiúcháin, agus Eamon Ryan TD, Aire Iompair ar an gcruinniú.

Rinneadh plé ar na gealltanais éagsúla a leagadh amach sa chomhaontú Deich mBliana Nua, Cur Chuige Nua agus sna hiarscríbhinní gaolmhara, go háirithe i réimse na hinfeistíochta bhonneagair. Léirítear na gealltanais seo sa chaibidil ar Oileán Comhroinnte de Chlár an Rialtais, ag cinntiú go bhfuil a seachadadh ag croílár obair an Rialtais seo. Go sonrach, tá an Rialtas tar éis £75 milliún gheallúint arís don mhaoiniú do thionscadal an A5. Tá obair ar athbheithniú straitéiseach ar an ngréasán iarnróid ar oileán na hÉireann agus an t-athbheithniú chun iniúchadh a dhéanamh ar an bhféidearthacht maidir le haerbhealaí inmharthana a athbhunú á gcur chun cinn ag an Roinn seo, agus tá droichead Chaol Uisce agus Glasbhealaí trasteorann

fós ina bpríomhthosaíochtaí. Ina theannta sin, i mBuiséad 2021, d'fhógair an Rialtas Ciste an Oileáin Chomhroinnte, agus €500 milliún le cur ar fáil go dtí 2025, a bheidh imfhálaithe do thionscadail an Oileáin Chomhroinnte.

Bhí dhá chruinniú iomlánacha ag an gComhairle freisin i mí Iúil agus i mí na Nollag 2020, faoi seach..

Gníomhú ar son na hAeráide

Plean Forbartha Náisiúnta

Sa Plean Forbartha Náisiúnta (NDP), a foilsíodh in 2018 faoi Thionscadal Éireann 2040, gealladh €8.6 billiún le haghaidh infheistíochta i soghluaisteacht inbhuanaithe go dtí 2027 trí thionscadail ar nós MetroLink, BusConnects agus an Clár Leathnaithe DART. Leis an infheistíocht seo spreagfar aistriú módúil ó úsáid carranna príobháideacha. Ag teacht le cinneadh Rialtais roimhe seo, chuir an tÚdarás Náisiúnta Iompair deireadh le ceannach busanna nach n-úsáideann ach díosail amháin do na cabhlaigh busanna PSO uirbeacha agus in 2020 cheannaigh sé 77 bus dhá stór hibrideach. Tabharfaidh athbhreithniú an NDP atá le teacht tús áite d'infheistíocht i ngníomhú ar son na haeráide ar fud na n-earnálacha.

Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide

Sa *Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide (CAP)*, a d'fhoilsigh an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil in 2019, leagadh amach sraith gníomhaíochtaí fadréimseacha agus suntasacha chun dul i ngleic le hastuithe carbóin ar fud an gheilleagair, lena n-áirítear gníomhaíochtaí substaintiúla don iompar sa ghearrtárma go meántárma. Tá an Roinn Iompair freagrach as 20 beart faoi 13 ghníomh den CAP bunaidh, thar réimsí éagsúla amhail iompar poiblí, feithiclí leictreacha, taisteal gníomhach, agus iompar tuaithe. Áirítear ar dhá phríomhspríoc na roinne 936,000 feithicil leictreacha a bheith ar bhóithre na hÉireann faoi 2030 agus líon na dturas laethúil poiblí nó taistil gníomhach a mhéadú faoi 500,000 faoi 2035.

Le linn 2020, tugadh faoi obair chun na gníomhartha seo a chur chun cinn agus chuidigh an roinn leis an Tuarascáil ráithiúil ar Dhul Chun Cinn an Phlean Gníomhaithe Aeráide, a fhoilsíonn Roinn an Taoisigh. Bhunaigh an roinn an Grúpa Oibre do Chonair Beartais EV chun an cosán is fearr a chinneadh le haghaidh imscaradh EV. (Ba chóir a thabhairt faoi deara, áfach, nár tháinig tacaíochtaí do EVanna faoi shainchúram na Roinne Iompair go dtí deireadh 2020.)

Oiriúnú

Is féidir le hathrú aeráide agus aimsir foircneach bagairt a dhéanamh ar bhonneagar iompair criticiúil, cur isteach ar oibríochtaí, agus d'fhéadfadh coinníollacha taistil neamhshábháilte a bheith mar thoradh air. Aithníonn an Plean Earnála um Bonneagar Iompair, a forbraíodh laistigh den Chreat Náisiúnta Oiriúnaithe, príomhréimsí leochaileachta féideartha sa ghréasán iompair mar gheall ar athrú aeráide agus cuireann sé cosaint oibríochtaí iompair leanúnacha chun cinn ag leibhéal forbartha polasaí iompair agus próisis breithmheasa tionscadail. Go sonrach, comhoibriú níos fearr le raon níos leithne geallsealbhóirí chun bearnaí féideartha

eolais a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu, agus aird chuí a thabhairt ar shineirgí agus ar thionchair ar raon earnálacha.

Sa bhliain 2020, mar chuid dá cuid oibre ar oiriúnú, ghlac an roinn páirt i roinnt grúpaí oibre agus coistí ilpháirtithe leasmhara a bhain le hoiriúnú. Chuimsigh fócas na ngrúpaí seo breithniú ar thionchair an athraithe aeráide, ar nós rioscaí tuilte, tionchair drochaimsire tromchúisí agus arduithe ar leibhéal na farraige ar bhonneagar náisiúnta mar bhunús le haghaidh tuilleadh machnaimh ar thaighde beartais bhreise agus breithniú ar mhaoluithe breise féideartha chun aghaidh a thabhairt ar na tionchair sin. Mar chuid dá cuid oibre sa réimse seo, bhunaigh an roinn Grúpa Oibre um Bonneagar Criticiúil freisin chun idirspleáchas idir earnálacha a aithint agus a mheas agus conas is fearr athléimneacht infrastruchtúir i leith tionchair athrú aeráide a mhéadú.

Breosláí Malartacha

Feithiclí Leictreacha

Ba bheart maolaithe feiceálach iad Feithiclí Leictreacha (EVanna) i bPlean Gníomhaithe Aeráide 2019, le spriocanna de 180,000 EV ar bhóithre na hÉireann faoi 2025, agus 936,000 EV faoi 2030.

Bhí tacaí do EVanna agus don bhonneagar tacaíochta faoi shainchúram na Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide go dtí deireadh 2020.

Dreasacht Dola d'Fheithiclí ar Astaíochtaí Ísle

Ó 2018 i leith, tá tacaíocht tugtha ag an Roinn do Scéim Dreasachta Dola d'Fheithiclí Leictreacha (EVTI), a sholáthraíonn lascaín, go ginearálta, 50% ar dolaí a íocann carranna agus veaineanna leictreacha. Táthar ag súil go leanfaidh an scéim seo go dtí an 31 Nollaig 2022 (ar fáil go dtí uasmhéid de 50,000 LEV). Ó Eanáir 2020, síníodh an uasteorainn bhliantúil le haghaidh feithiclí beaga seirbhíse poiblí (tacsaithe, fruilcharr agus limisíní) ó €500 go €1,000 ar aon dul le feithiclí tráchtála eile. Ina theannta sin, tugadh isteach córas dreasachta dola laghdaithe nua le haghaidh feithiclí tromshaothair, lena n-áirítear busanna agus trucaíl, a bhreoslaítear le gás nádúrtha comhbhrúite, gás nádúrtha leachtaithe, hidrigin nó leictreachas. Beidh feithiclí tromshaothair incháilithe le haghaidh aisíocaíochta dola suas le 50% go huasmhéid de €1,000 in aghaidh na bliana féilire. Leithdháileadh €1.5m ar an Scéim seo in 2020.

Cláraíodh 13,997 feithicil faoin scéim in 2020 agus d'íoc an Roinn €600,018 san iomlán le haghaidh 2020.

Flít na Mionfheithiclí Seirbhíse Poiblí (SPSV) a Leictriú

Bunaíodh Scéim Deontais Náisiúnta d'Fheithiclí Beaga Leictreacha Seirbhíse Poiblí (eSPSV) in 2018 chun tacú le leictriú na gcabhlach tacsaithe, fruilchairr agus limisín. Chuir an scéim deontais suas le €7,000 ar fáil d'fheithiclí leictreacha ceallraí (BEVanna) agus suas le €3,500 d'fheithiclí leictreacha hibrideacha inluchtaithe -in (PHEVanna). Chun glacadh níos mó a spreagadh méadaíodh leibhéal na ndeontas in 2020 go €10,000 agus €5,000 do BEVanna agus

PHEVanna faoi seach. Idir 2018 agus 2020 thacaigh an tionscnamh seo le clárú 101 SPSV leictreach trí dheontais de €627,000.

Grúpa Oibre do Chonair Beartais Feithiclí Leictreacha

Mar thoradh ar Ghníomh 79 den Phlean Gníomhaíochta Aeráide, bunaíodh grúpa oibre idir-rannach chun treochlár féideartha a tháirgeadh chun ár spriocanna feithiclí leictreacha a bhaint amach.

Trialacha Busanna ar Astuithe Ísle

In 2019, thug Éire gealltanais gan busanna nach n-úsáideann ach díosail amháin a sholáthar dár bhflít poiblí uirbeach a thuilleadh. Ó shin i leith, rinneadh measúnú ar raon de teicneolaíochtaí a bhfuil breosla malartach acu mar chuid de Thrialacha Busanna ar Astuithe Ísle na roinne chun a n-oiriúnacht chun seirbhís bus iontaofa agus níos glaise a sholáthar a chinneadh. Cé gurb iad feithiclí leictreacha an teicneolaíocht mhalartach is aibí agus is cruthaithe faoi láthair chun iompar poiblí a dhícharbónú, beidh soláthar sa todhchaí ar raon roghanna infheistíochta bunaithe ar thorthaí na trialach seo.

Rinne na trialacha, inar úsáideadh modheolaíocht chaighdeánaithe chun raon breoslaí agus teicneolaíochtaí malartacha a chur i gcomparáid faoi fhíorchoinníollacha tiomána, measúnú ar astuithe agus ar fheidhmíocht oibriúcháin de shamplaí leictreacha, hibrid-díosail, gáis nádúrtha comhbhrúite/bithgháis agus díosail iarfheistithe i gcoinne bonnlíne díosail Euro VI. Foilsíodh torthaí na chéad chéime den tástáil i mí na Nollag 2019. In 2020, rinne an roinn tástáil ar bhus breosla-chill hidrigine aon stór sa dara céim den tástáil.

Bithbhreoslaí

I gcomhréir le sprioc an Phlean Gníomhaithe Aeráide 2019 maidir le cion na mbithbhreoslaí in iompar de bhóthar a ardú, ceanglais faoin Treoir um Fhuinneamh In-athnuaite Athmhúnlaithe agus tar éis comhairliúcháin phoiblí go déanach in 2019, cuireadh tús le hobair ar Ráiteas Beartais maidir le Breoslaí In-athnuaite le haghaidh Iompair nuashonraithe agus leathnaithe. Aistríodh an obair seo chuig sainchúram na Roinne Iompair ag deireadh 2020.

Hidrigin

Tá hidrigin ghlas ar cheann de na teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, arna dtacú ag an Rialtas, a d'fhéadfadh cur le bearta agus spriocanna náisiúnta dícharbóinthe. Go háirithe, maidir le dícharbónú a dhéanamh ar earnálacha iompair ar deacair iad a mhaolú a bhfuil astaíochtaí arda GHG acu, amhail iompar tromshaothair ar tír, agus na hearnálacha muirí agus eitlíochta. I rith 2020, lean an Roinn lena rannpháirtíocht sa ghrúpa oibre idir-rannach ar hidrigin faoi stiúir na Roinne Fuinnimh, Cumarsáide agus Gníomhaithe ar son na hAeráide.

Tá cuimsiú teicneolaíochtaí busanna hidrigine sa Triail Busanna asAstaíochta Ísle ailínithe leis an mbeartas hidrigine mar atá leagtha amach sa Chreat Beartais Náisiúnta: Bonneagar Breoslaí Malartacha d'Iompar in Éirinn (NPF). Cuireann an NPF trialacha chun cinn ar fheithiclí breosla-ghluaiste agus bunú gréasán athbhreoslaíthe hidrigine, faoi réir athbhreithniú ar fhorbairtí teicneolaíochta agus ar ghlacadh an mhargaidh.

Staidéar ar Bhainistiú Éilimh

I mí na Nollag 2019, ag teacht le Gníomh 81 den Phlean Gníomhaíthe ar son na hAeráide, d'ordaigh an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt Staidéar um Bainistiú Éileamh Iompair. Is é cuspóir an staidéir seo a thuiscint cad iad na bearta atá ar fáil chun cabhrú le dul i ngleic leis na tionchair atá ag méadú ar leibhéal iompair i gcathracha móra na hÉireann, is iad sin Baile Átha Cliath, Corcaigh, Luimneach, Gaillimh agus Port Láirge. Bhreathnaigh an staidéar, ar a dtugtar an Staidéar ar Bhainistiú Éileamh Trácht na Cúig Chathair, ar raon fachtóirí, lena n-áirítear leibhéal phlódaithe agus saincheisteanna maidir le cáilíocht an aeir, agus ar deireadh ba cheart go molfadh sé roghanna maidir le conas is fearr a d'fhéadfaimis éileamh taistil i gceantair uirbeacha a bhainistiú. Bhí Céim 1 den Staidéar beagnach críochnaithe faoi dheireadh 2020.

Grúpa Oibre um Thruaillíú Aeir a Bhaineann le hlompar Uirbeach (UTRAP)

In 2019, thionóil an roinn, ag obair i gcomhar leis an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, Grúpa Oibre ar Thruaillíú Aeir a Bhaineann le hlompar Uirbeach (UTRAP), a tharraingíonn páirtithe leasmhara ó raon údarás náisiúnta agus áitiúil le chéile. Bunaíodh an grúpa chun raon fianaise a aithint agus a bhreithniú maidir le conas a théann iompar i bhfeidhm ar cháilíocht an aeir agus tá sé mar aidhm aige creat beartais náisiúnta a tháirgeadh inar féidir le cathracha na hÉireann, Baile Átha Cliath san áireamh, aghaidh a thabhairt ar thruaillíú aeir a bhaineann le hiompar, go háirithe ocsaídí nítrigine.

In 2020, chuimsigh clár oibre an Ghrúpa anailís agus athbhreithniú ar na nithe seo a leanas: nádúr truaillithe aeir a bhaineann le hiompar na hÉireann i gcoitinne agus i gcathracha, tionchair ar shláinte phoiblí, an creat reachtaíochta, agus nádúr flít feithiclí na hÉireann; sonraí atá ar fáil faoi thruaillíú aeir agus a bhaineann le hiompar, taighde leanúnach, próisis agus samhlacha náisiúnta agus uirbeach-shonracha faireacháin ar thruaillíú aeir; caighdeáin astaíochtaí feithiclí, bearta cánach a tugadh isteach agus bearta idirthréimhseacha leanúnacha agus réamh-mheasta i bhflíteanna feithiclí príobháideacha agus poiblí, lena n-áirítear busanna agus bonneagar iarnróid; agus próifíl na dtruaillíú a bhaineann le hiompar ag an mbonneagar rithabhachtach i mBaile Átha Cliath ar bhonn ceachtanna a foghlaimíodh, lena n-áirítear stáisiúin iarnróid mhóra agus an M50, agus breithniú ar Staidéar leanúnach ar Bhainistiú Éileamh Trácht na Cúig Chathair de chuid na Roinne Iompair.

Rinneadh tuarascáil eatramhach an Ghrúpa a ullmhú i Ráithe 4 2020.

Ardán Taighde

I rith 2020, lean an Roinn lena maoirsiú ar dhul chun cinn ar chúig thionscadal taighde comh-mhaoinithe leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) agus Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI), ag díriú ar athrú aeráide agus laghdúithe astuithe. Ina measc seo tá::

- **DISTRACT (MoDal ShifT Reduce Carbon in Transport):** Staidéar anailíse iompraíochta ar 4 bheart aistrithe modha timpeall ar Bhonneagar Feithiclí Leictreacha (EV) in Ionaid Oibre; CianOibriú; Siopadóireacht Baile agus Monatóireacht ar Bhrú Bonn. Críochnaíodh an tuarascáil deiridh i Ráithe 4 2020.
- **Tionscadal Eco-HDV:** Staidéar ar an tionchar a bheadh ag oiriúnú na gclár éiceathiomáinte i bhflít HDV na hÉireann lena n-áirítear an earnáil lasta.

- Tionscadal MAP-HDV (Maolú ar thionchair Thruailliú Aeir HDVanna na hÉireann).

Ina theannta sin, chuir an Roinn, i gcomhar le Bonneagar Iompair Éireann, Staidéar Dícharbónaithe Lastais chun cinn. Foilsíodh tuarascáil ar aschur an staidéir ag deireadh 2020.

Bhí an staidéar seo bunaithe ar chomhairliúchán ilpháirtithe leasmhara, ag tarraingt le chéile ionadaithe ón Rialtas, ó ghníomhaireachtaí iompair, ón tionscal agus ón saol acadúil. Ba iad cuspóirí an staidéir ná tuiscint níos fearr a fháil ar na comhthéacsanna beartais agus lóistíochta ina n-oibríonn tionscal lastais na hÉireann, chun bearta dícharbónaithe éifeachtúla agus éifeachtacha a aithint don earnáil sa mheántéarma agus san fhadtéarma, agus chun comhdhearadh éifeachtach agus inacmhainne a dhéanamh ar idirghabhálacha a mbeidh tionchar fíor-shaoil tarlaithe bóthair.

Astuithe Eitlíochta agus Muirí

Aithnítear níos mó an tábhacht a bhaineann le tionchair dhiúltacha na heitlíochta ar an gcomhshaol a íoslaghdú. Tacaíonn Éire go láidir le cás fáis neodrach ó thaobh carbóin a bhaint amach don earnáil eitlíochta agus tá iarrachtaí ar bun ar leibhéal domhanda chun freagairt chomhordaithe domhanda a chur i bhfeidhm.

In 2017, d'fhormheas Comhairle na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) na dréachtchaighdeáin a bheidh i bhfeidhm i gcur chun feidhme Scéime domhanda um Fhritháireamh agus Laghdú Carbóin don Eitlíocht Idirnáisiúnta (CORSIA). Glacadh le caighdeáin CORSIA agus tá Éire, mar chuid den Chomhdháil Eorpach um Eitlíocht Sibhialta ina bhfuil 44 ball, ag obair chun a céad chéim a chur i bhfeidhm. Chuir Éire in iúl go foirmiúil don ICAO go raibh sé ar intinn aici páirt a ghlacadh sa CHORSIA i mí Lúnasa 2020.

Leanann an Roinn de dhlúth-theagmháil le comhpháirtithe Rialtais lena n-áirítear an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ar shaincheisteanna a bhaineann le heitlíocht laistigh de chreat Chóras Trádála Astuithe an AE (ETS) lena n-áirítear cur i bhfeidhm scéim idirnáisiúnta CORSIA an AE.

Beartas agus Infheistíocht na hEorpa

An tSaoráid um Chónascadh na hEorpa

The EU's Connecting Europe Facility Regulation (CEF) came into effect on 1 January 2014. Since its inception, transport projects involving Irish beneficiaries are currently in receipt of over €116 million in CEF co-funding. These are in a diverse range of areas including rail, maritime ports, Intelligent Transport Systems (ITS), Single European Sky ATM (Air Traffic Management) Research (SESAR), Motorways of the Sea and alternative fuel innovation.

Tháinig Rialachán um Shaoráid um Chónascadh na hEorpa (CEF) de chuid an AE i bhfeidhm an 1 Eanáir 2014. Ó cuireadh tús leis, tá breis is €116 milliún á fháil ag tionscadail iompair a bhaineann le tairbhíthe Éireannacha faoi láthair i gcómhaoiniú CEF. Tá siad seo i raon leathan réimsí lena n-áirítear iarnród, calafoirt mhuirí, Córais Chliste Iompair (ITS), Taighde ATM (Bainistíocht Aerthráchta) Aerspáis Aonair (SESAR), Mótarbhealaí na Mara agus nuálaíocht breosla malartach.

Torthaí agus Glaonna ar Thograí

Fógraíodh torthaí Ghlaao MAP Iompair 2019 CEF [Clár Oibre Ilbhliantúil] an 14 Lúnasa 2020. San iomlán, d'éirigh le trí thionscadal arna stiúradh ag tairbhíthe Éireannacha nó bainteach leo. Áiríodh leis seo breis agus €8.8 milliún a bronnadh i dtreo chéim deartha innealtóireachta líne DART+ Thiar Theas agus tionscadal nuálaíoch lóistíochta ar bhealaí gearrloingseoireachta farraige arna stiúradh ag Oifig Forbartha Muirí na hÉireann, dá ngairtear "Lána Trádála Idirnáisiúnta Mear agus Slán".

Le linn 2020, bhí glao amháin ar thograí. Seoladh an glao ar an 15 Nollaig 2020, agus tá buiséad táscach de €160 milliún ag an nglao, atá ar fáil faoin gclúdach ginearálta, atá ar oscailt do gach Ballstát. Is é is cuspóir ginearálta don ghlaao seo ullmhú do chur chun feidhme tionscadail chroíghreasáin TEN-T trí thacú le staidéir, rud a chiallaíonn go dtabharfar aghaidh ar na céimeanna ullmhúcháin is gá le haghaidh oibreacha bonneagair atá le teacht.

D'oibrigh an roinn go dlúth le hiarratasóirí leasmhara chun tionchar a imirt ar chritéir an ghlaao agus lean sí ag comhoibriú le hiarratasóirí ionchasacha chun éascú le haighneacht tograí ardchaighdeáin ó Éirinn.

Is féidir sonraí iomlána ar gach tionscadal iompair Éireannach ar éirigh leo faoin gclár CEF a fháil ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh ag an nasc seo a leanas:

<https://ec.europa.eu/inea/en/connecting-europe-facility/cef-transport/projects-by-country/ireland>

Clár Oibre CEF2

Beidh clár oibre ilbhliantúil trí bliana ag an gclár CEF nua don tréimhse 2021 – 2027, dá ngairtear "CEF2". Leagfar amach leis seo na critéir incháilitheachta agus na buiséid tháscacha ar fud an chláir agus soláthrófar méid áirithe intuarthachta agus trédhearcahta d'iarratasóirí ionchasacha.

Faoi stiúir an Choimisiúin Eorpaigh i gcomhar leis na Ballstáit ag Coiste Iompair an CEF, cuireadh tús le hobair dáiríre chun an clár oibre do CEF2 a fhorbairt agus a chaibidil i samhradh 2020. Bhí comhairliúcháin le geallsealbhóirí Éireannacha i gceist leis na caibidlíochtaí sin chun clár oibre a chinntiú atá ag teacht le beartas an Rialtais ar fud na réimsí maoinithe éagsúla.

An Gréasán Tras-Eorpach Iompair (TEN-T)

Is beartas de chuid an AE é an Gréasán Tras-Eorpach Iompair (TEN-T) atá dírithe ar ghréasán bóithre, línte iarnróid, uiscebhealaí intíre, bealaí loingseoireachta muirí, calafoirt, aerfoirt agus críochfoirt iarnróid a fhorbairt ar fud na hEorpa. Tá sé mar chuspóir aige scrogail a bhaint agus deireadh a chur le bacainní teicniúla atá ann idir gréasáin iompair Bhallstáit an AE, rud a neartóidh comhtháthú sóisialta, eacnamaíoch agus críochach san Aontas.

In 2019, chuir an Coimisiún Eorpach tús le hathbhreithniú ar an Rialachán TEN-T trí chomhairliúchán poiblí a sheoladh a fuair os cionn 600 freagra, lena n-áirítear 33 ó Éirinn. I rith 2020, rinne an Coimisiún comhairliúcháin níos spriocdhírithle le geallsealbhóirí trí raon suirbhéanna, agallaimh agus staidéar. I gcomhairle lenár bpáirtithe leasmhara, ghlac an roinn páirt ghníomhach sa phróiseas i rith na bliana mar ba chúig agus de réir an treo beartais a tugadh i gClár nua an Rialtais.

Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe

Tacaíonn rialtas na hÉireann le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) na Náisiún Aontaithe (NA), a chuirtear i bhfeidhm tríd an *bPlean Forfheidhmithe Náisiúnta* SDG, ag mapáil sruthanna oibre, gníomhaíochtaí agus spriocanna ar fud na ranna rialtais éagsúla a bhfuil príomhfhreagracht orthu.

In 2020, bhí príomhfhreagracht ar an roinn as ceithre sprioc SDG maidir le turasóireacht inbhuanaithe, rochtain ar iompar poiblí, agus sábháilteacht ar bhóithre. Ina theannta sin, tá an roinn tiomanta don sprioc uile-rialtais le comhpháirtíochtaí éifeachtacha poiblí, poiblí-príobháideacha agus sochaí sibhialta a spreagadh agus a chur chun cinn, ag tógáil ar thaithí agus ar straitéisí acmhainithe na gcomhpháirtíochtaí.

Ag teacht leis an tiomantas d'inbhuanaitheacht i ráiteas misin na roinne, baintear dul chun cinn amach i dtreo na spriocanna seo trí inbhuanaitheacht an bheartais infheistíochta agus na gcinntí pleanála straitéiseacha a chinntiú ar fud na rannán freagrach uile, agus trí obair ghníomhaireachtaí na roinne.

Taighde agus Anailís Straitéiseach

Soláthraíonn Rannóg Taighde agus Anailís Straitéisí (SRAD) na roinne acmhainn anailíse agus taighde chun tacú leis an roinn i gcoitinne, ag teacht le tiomantas an Rialtais do cheapadh beartais atá bunaithe ar fhianaise.

Déanann an SRAD taighde agus anailís, scaipeann sé torthaí taighde agus molann sé moltaí beartais atá bunaithe ar fhianaise chun tacú le gach earnáil rannach. Díríonn a phríomhobair ar anailís eacnamaíoch, breithmheas caiteachais, meastóireacht agus bainistíocht agus úsáid sonraí.

I measc bhuaicphointí 2020 tá -

- Forbairt leanúnach ar chreat nua na roinne don infheistíocht san iompair ar tír, a bhfuil sé mar aidhm aige tosaíochtaí infheistíochta a aithint don earnáil iompair chun tacú le seachadadh cuspóirí spásúlachta an Chreata Pleanála Náisiúnta agus spriocanna athrú aeráide na hÉireann.
- Comhairle agus treoir a sholáthar do rannáin agus do ghníomhaireachtaí maidir le breithmheas eacnamaíoch agus cloí leis an gCód Caiteachais Phoiblí. San iomlán, críochnaíodh athbhreithnithe ar 24 Cás Gnó agus 17 bPlean Measúnaithe Tionscadail agus Tuarascálacha Measúnaithe Straitéisí do bhóithre pleanáilte, iompar poiblí, turasóireacht agus feabhsúcháin bhonneagair spóirt.
- Críochnú an phróisis um Dhearbhú Cáilíochta 2019, a dhéanann measúnú ar chomhlíonadh foriomlán na Roinne leis an gCód Caiteachais Phoiblí agus a chuimsíonn fardal de 423 tionscadal/clár a bhfuil luach iomlán réamh-mheasta de bhreis ar €15.9 billiún orthu.
- Mar chuid den phróiseas Athbhreithnithe Caiteachais, chomhoibrigh SRAD le baill den Vóta Iompair sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun páipéar Athbhreithnithe Caiteachais a ullmhú a scrúdódh seirbhísí iompair a fhaigheann tacaíocht ó PSO a sholáthraíonn oibreoirí faoi úinéireacht an Stáit. Foilsíodh an páipéar críochnaithe in éineacht le Buiséad 2021 i nDeireadh Fómhair 2020.
- Taighde leanúnach ar threochtaí iompair poiblí, tionchar carbóin seirbhísí aeir PSO agus bealaí chuig beartas feithiclí leictreacha, chun tacú le rannáin bheartais maidir le beartas iompair poiblí agus athrú aeráide a chinneadh.
- Deais mhíosúla sonraí COVID-19 a ullmhú a sholáthraíonn rochtain do rannáin ar shonraí le déanaí maidir le tionchar COVID-19 ar earnálacha laistigh den Iompar.
- Cuireadh síneadh le hUachtaránacht na hÉireann ar an ITF a bhí le críochnú i mBealtaine 2020 go dtí Bealtaine 2021. Lean Éire de bheith ina cathaoirleach ar gach cruinniú den Bhord Bainistíochta Iompair, agus, i mí na Nollag 2020, bhí Aire Iompair na hÉireann ina chathaoirleach ar chruinniú neamhfhoirmiúil, cruinniú comhchomhairle na n-Airí ar Iompar agus COVID-19, ar ar fhreastail 27 Airí, Leas-Airí agus Rúnaithe Stáit.

Córais Iompair Chliste (ITS)

Is éard atá i gCórais Chliste Iompair (ITS) feidhmiú agus comhtháthú ardteicneolaíochtaí atá bunaithe ar chumarsáid san iompar. Is cumasóirí leathana iad ITS a ligeann d'oibreoírí iompair córais iompair a phleanáil, a dhearadh, a oibriú, a chothabháil agus a bhainistiú ar bhealach níos fearr.

I rith 2020, lean an roinn lena rannpháirtíocht le heagraíochtaí agus le hardáin náisiúnta agus idirnáisiúnta ITS ar nós ITS Ireland, ERTICO – ITS Europe, agus Comhlachas Iompair na hEorpa.

Tá achoimre thíos ar ár bpríomhréimsí fócais ar ITS in 2020:

Treoir ITS ón AE

Chuaigh an roinn, in éineacht lenár ngníomhaireachtaí, i dteagmháil le linn na bliana leis an gCoimisiún Eorpach ar chúrsaí ITS agus go háirithe ar fhorbairt rialachán tarmiligthe faoin Treoir ITS (2010/40/AE). Leathnaíodh an t-údarás tarmiligthe faoin Treoir ITS lena gceadaítear don Choimisiún Rialacháin a dhéanamh go Lúnasa 2022. Tá Rialacháin ITS glactha cheana féin i réimsí na faisnéise tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre, faisnéis fíor-ama tráchta agus pleanálaí turais ilmhódaigh ar fud an AE..

Córais Chliste Iompair Chomhoibríocha an AE (C-ITS)

Díríonn Córais Chliste Iompair Chomhoibríocha (C-ITS) ar chumarsáid idir teicneolaíochtaí digiteacha a sholáthraíonn faisnéis, a chuirtear ar thaobh an bhóthair nó i bhfeithiclí. Cuireann na córais seo ar chumas feithiclí cumarsáid a dhéanamh le feithiclí eile, le bonneagar, nó le córais C-ITS eile. Samhlaítear go ndéanfaidh feithiclí idirghníomhú go díreach lena chéile agus leis an mbonneagar bóithre go luath amach anseo. Cuirfidh an t-idirghníomhú seo ar chumas úsáideoirí bóithre agus bainisteoirí tráchta faisnéis a roinnt agus í a úsáid chun a gcuid gníomhaíochtaí a chomhordú. Tá sé mar aidhm ag an eilimint chomhoibríoch, arna chumasú ag nascacht dhigiteach idir feithiclí agus idir feithiclí agus bonneagar iompair, feabhas suntasach a chur ar shábháilteacht ar bhóithre, ar éifeachtúlacht tráchta agus ar chompond tiomána. Bainfear na torthaí sin amach trí chuidiú leis an tiománaí na cinntí cearta a dhéanamh agus oiriúnú do chás na tráchta.

Treoirthionscadal C-ITS

Tá treoirthionscadal á ullmhú faoi láthair ag Bonneagar Iompair Éireann (TII) maidir le C-ITS agus é mar aidhm fhoriomlán seirbhísí Day-1 agus C-ITS amach anseo a imscaradh, a thriail agus a mheasúnú. Áireofar leis an treoirthionscadal forbairt ar sheirbhísí a bheidh ag teacht le tosaíochtaí na hÉireann, agus ag an am céanna aitheantas a thabhairt do chaighdeán agus rialacháin ábhartha. Déanfaidh sé tástáil agus measúnú ar sheirbhísí C-ITS ar Líonra Bóithre na hÉireann, go príomha ar ghréasán TEN-T na hÉireann agus ar feadh conairí uirbeacha laistigh de Chathair Bhaile Átha Cliath freisin. Tugtar cur síos anseo thíos ar na dátaí tosaigh/críochnaithe le garspriocanna réamh-mheasta:

2019/20 Pleanáil, soláthar agus forbairt córas/réiteach

2020/22 Imscaradh píolótach, oibríochtaí agus trialacha

2022/23 Meastóireacht agus measúnuithe píolótacha, lena n-áirítear planáil le haghaidh imscaradh níos leithne.

Beidh an láthair phíolótach ar siúl feadh chonair an Chroí-TEN-T idir Corcaigh agus an teorainn le Tuaisceart Éireann (~345 km) agus idir an tSionainn agus crosbhealach an M8 trí Luimneach (~120km). Beidh an clár píolótach ar siúl freisin feadh na gconairí uirbeacha i mBaile Átha Cliath. Roinneadh an treoirthionscadal i gcúig chuid (féach an léarscáil mar seo a leanas) chun díriú ar chásanna úsáide sonracha.

Mapa Codanna:



Treoirthionscadal C-ITS – Cásanna Úsáide Beartaithe ar Ghréasán TEN-T

| Seirbhís | Cás úsáide |
|---|--|
| Comharthaíocht Infheithicle | Eolas dinimiciúil faoi luasteorainn Eolas comharthaíochta eile |
| Fógra faoi láthair ghuaiseach | Ainmhí nó duine ar an mbóthar Solas coscáin leictreonach éigeandála Feithicil éigeandála ag teacht Feithicil mhall Feithicil ina stad Brú tráchta romhat Rabhadh faoi riocht aimsire |
| Rabhadh maidir le hoibreacha bóthair | Dúnadh lána (agus srianta eile) Oibreacha bóthair soghluaiste |
| Scrúdú sonraí feithicle | Bailiú sonraí feithicle Bailiú sonraí teagmhais |
| Pointe spéise | Fógra faoi láthair luchtaithe feithicil leictreacha |

Nascann an treoirthionscadal C-ITS go maith leis an gCampas Soghluaisteachta sa Todhchaí Éireann (FMCI) nua atá á bhunú i limistéar uirbeach Luimnigh-na Sionainne ag Limistéar Neamhchustaim na Sionainne, Co. an Chláir. Cruthóidh agus soláthróidh FMCI saoráidí tástála soghluaisteachta amach anseo chun taighde, forbairt agus nuálaíocht a spreagadh i réimse na bhFeithiclí Comhroinnte Leictreacha Nasctha Uathoibríthe, lena n-áirítear Feithiclí Nasctha agus Uathoibríthe (CAV) in Éirinn. Tá sé mar aidhm aige saoráid tástála a sholáthar atá suite i suíomhanna fiordhomhanda, ag cur an cumas ar fáil do chuideachtaí teicneolaíochta agus do thaighdeoirí a gcuid nuálaíochtaí a thástáil agus a fheabhsú.

Feithiclí Nasctha agus Uathoibríthe (CAV)

In 2020, i réimse na bhfeithiclí uathoibríthe, bhí an Roinn Iompair i mbun athbhreithniú ar an reachtaíocht um thrácht ar bhóithre d'fhonn í a leasú chun ligean do thástáil feithiclí uathoibríthe. Cuireadh tús freisin le hobair ar Threochlár & Straitéis CAV agus foilsíodh comhairliúchán poiblí le haghaidh ionchur faoi 2021 luath. Cuirfidh obair na Roinne Iompair an Straitéis um Iompar Cliste agus Inbhuanaithe a d'fhoilsigh an Coimisiún i Ráithe 4 2020 san áireamh.

Tá obair ar siúl ag leibhéal an AE agus go hidirnáisiúnta maidir le tiomáint nasctha agus uathoibríthe a thabhairt isteach agus leanann an Roinn go dlúth leis na forbairtí seo agus bíonn sí páirteach iontu.

An tSeirbhís Eorpach Dolaí Leictreonacha (EETS)

Mhol an Coimisiún Eorpach athmhúnú ar an Treoir Eorpach um Sheirbhís Dolaí Leictreonacha (EETS) in 2017 agus é mar aidhm leis idir-inoibrítheacht iomlán leictreonach dolaí a áirithiú ar fud an AE. Tá foráil nua sa Treoir EETS athmhúnlaithre do phionóis i leith fíneálacha neamhíochta ó fheithiclí neamhnáisiúnta. Glacadh an Treoir EETS athmhúnlaithre i mí an Mhárta 2019 agus leanadh den obair i rith 2020 ar í a thrasú sa dlí náisiúnta.

Tionscadai Taighde

Tá tábhacht an digitithe agus na sonraí don earnáil iompair soiléir le blianta fada anuas agus is ag dul i méid a bheidh sí. I mí Feabhra 2020, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach an Straitéis Sonraí Eorpach. Faoin straitéis sonraí, tacóidh an Coimisiún le forbairt spáis chomhchoiteann sonraí soghluaisteachta Eorpaigh chun córas cliste iompair a chur chun cinn. Ceadóidh Spásanna Sonraí Eorpacha sonraí ó ar fud an AE, ón earnáil phoiblí agus ó ghnólachtaí araon, a mhalartú ar bhealach iontaofa agus ar chostas níos ísle, rud a chuirfidh le forbairt táirgí agus seirbhísí nua atá bunaithe ar shonraí. Tá spásanna sonraí comhdhéanta de bhonneagar teicneolaíochta slán agus meicníochtaí rialachais. Bhí togra reachtach maidir le rialachas spásanna sonraí Eorpacha coiteanna á phlé ar leibhéal an AE in 2020.

Tá líonra Pointí Rochtana Náisiúnta ann ar fud na mBallstát ina gcuirtear tacair sonraí ar fáil, saor in aisce, a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre, faisnéis tráchta agus seirbhísí faisnéise taistil ilmhódaigh. Tá tairseach sonraí oscailte an Rialtais www.data.gov.ie ag freastal ar an gcuspóir seo in Éirinn. Úsáidtear sonraí a bhaineann le hiompar chun seirbhísí a sholáthar mar an pleanála turais/aip ilmhódúil www.transportforireland.ie chomh maith le seirbhísí cosúla a sholáthraíonn cuideachtaí ar nós Google agus Apple.

In 2020, chuidigh Éire le hobair a bhí ar bun chun sásra comhordaithe a bhunú chun na Pointí Rochtana Náisiúnta a chónascadh, ag cur le limistéar iompair Eorpach aonair, d'fhonn aghaidh a thabhairt ar dhúshláin choiteanna amhail comhlíonadh na reachtaíochta; ceadúnú agus caighdeánú; agus infhaighteacht, cáilíocht agus idir-inoibritheacht sonraí.

Seo a leanas tionscadail taighde teicneolaíochta eile a bhfuil an Roinn rannpháirteach iontu:

- Treoirhionscadal is ea TN-ITS (Transport Network Intelligent Transport Systems) GO atá maoinithe ag Coimisiún an AE. Baineann sé le malartú faisnéise ar athruithe ar thréithe bóithre statacha – is éard a chiallaíonn statach go bhfuil na thréithe de chineál buan a bheag nó a mhór, cé go bhféadfadh siad athrú uaireanta, amhail teorainneacha luais.
- Conair Bainistíochta Tráchna Arc Atlantique – Leis an tionscadal seo nasctar na príomhnóid eacnamaíochta Béal Feirste, Baile Átha Cliath, Glaschú, Caerdydd, Londain, Calais, Rotterdam, Amstardam, Antwerp, an Bhruiséil, Charleroi, Liège, Lille, Páras, Lyon, Bordeaux, Toulouse, San Sebastian, Bilbao, Valladolid, Santander, A Coruña, Porto agus Liospóin. Dhírigh an tionscadal ar phríomhsheirbhísí ITS a imscaradh, go háirithe seirbhísí bainistíochta tráchna agus faisnéise tráchna a thacaíonn le bainisteoirí tráchna agus iad ag stiúradh oibríochtaí tráchna.

Pleanáil Éigeandála

Tá ionadaíocht ag an roinn ar Thascfhórsa an Rialtais ar Phleanáil Éigeandála agus ar an nGrúpa Stiúrtha Náisiúnta a dhéanann maoirseacht ar an gCreat um Bainistíocht Móréigeandála. Is í an roinn an Príomh-Roinn Rialtais (LGD) d'éigeandálaí iompair náisiúnta agus tacaíonn sí freisin le LGDanna eile le haghaidh éigeandálaí a chuireann isteach ar thaisteal agus iompar m.sh. aimsir chrua.

I mí Feabhra 2020, ghlac an Roinn páirt sa Ghrúpa Comhordaithe Éigeandála Náisiúnta (NECG), a thionóil an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht mar fhreagra ar Storm Jorge. D'oibrigh an roinn, oibreoirí iompair agus gníomhaireachtaí leis an NECG chun freagairt chomhordaithe ar an eachtra seo a chinntiú.

Leanann an Roinn ag obair go dlúth leis an Oifig um Pleanáil Éigeandála agus le ranna eile Rialtais ar raon saincheisteanna pleanála éigeandála lena n-áirítear tuilte, tacaíocht dhaonnúil agus measúnú riosca.

Iompar ar Tír

“An freastal is fearr a dhéanamh ar is fearr a dhéanamh ar riachtanais na sochaí agus an gheilleagair trí gréasáin agus seirbhísí sábháilte, inbhuanaithe agus iomaíocha iompair a chur ar fáil.”

Tá córas iompair ar tír na hÉireann – a chuimsíonn ár líonraí bóithre agus iarnróid, mar aon le seirbhísí bus, iarnróid agus tacsáí – ríthábhachtach do leas na sochaí agus an gheilleagair araon. Féachtar leis na na cuspóirí inár Ráiteas Straitéise 2016-2019, a bhí i bhfeidhm in 2020 freisin, le dul i ngleic leis na dúshláin atá ann sa lá atá inniu ann agus le pleanáil agus cumasú dhéanamh don fhorbairt ar ghréasáin agus seirbhísí iompair ar tír amach anseo, le béim ar shábháilteacht, feabhsuithe seirbhíse agus cur chun cinn cineálacha iompair níos inbhuanaithe amhail rothaíocht agus siúl.

Creat Infheistíochta Iompair

Sheol an Rialtas Tionscadal Éireann 2040 i mí Feabhra 2018. Leagtar amach leis seo an creat forbartha spáis agus infheistíochta atá beartaithe do na blianta atá le teacht, tríd an gCreat Pleanála Náisiúnta agus an Plean Forbartha Náisiúnta (NDP) 2018 - 2027 .

Laistigh den chreat sin, tá an Rialtas tiomanta d'infheistíochtaí móra chun éifeachtúlacht, éifeachtacht agus inbhuanaitheacht an ghréasáin iompair a fheabhsú. Mar thoradh ar an infheistíocht atá geallta laistigh den Plean Forbartha Náisiúnta cuirfear roinnt tionscadal agus clár suntasach iompair phoiblí ar fáil, amhail:

- Cothabháil agus athnuachan iarnróid throm;
- Clár BusConnects de sheirbhísí feabhsaithe bus agus bonneagair i ngach cathair mhór, lena n-áirítear áiseanna rothaíochta feabhsaithe go mór;
- An MetroLink; agus
- An clár The DART+ (Leathnú DART roimhe seo).

Comhlánófar na tionscadail agus na cláir mhóra le hinfeistíochtaí pleanáilte eile, amhail forbairt Lárionad Náisiúnta Rialaithe Traenach nua, feidhmiú céimneach líonraí rothaíochta straitéiseacha sna cathracha móra agus clár infheistíochta i mbóithre náisiúnta agus réigiúnacha mar a shonraítear laistigh de Tionscadal Éireann 2040.

Tá Lorgaire Tionscadal forbartha agus foilsithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a chuimsíonn na tionscadail agus na cláir sin laistigh de Thionscadal Éireann 2040 a bhfuil caiteachas beartaithe de €20 milliún nó níos mó acu. Áiríonn an Rianaire Tionscadail

dul chun cinn ar thionscadail agus ar chlár infheistíochta iompair phoiblí agus bóithre ábhartha.

Bóithre Náisiúnta

Maidir le clár infheistíochta na mbóithre náisiúnta do 2020, cuireann an Plean Forbartha Náisiúnta (NDP) 2018-2027, i gcomhréir le Tionscadal Éireann 2040, príomhchreat straitéiseach ar fáil chun an gréasán bóithre náisiúnta a chothabháil go leanúnach i riocht 'staid sheasmhaigh', agus infheistíocht i dtionscadail bóithre náisiúnta nua don tréimhse go dtí 2027.

Den chuid is mó, tá clár infheistíochta na mbóithre náisiúnta dírithe ar na nithe seo a leanas:

1. An gréasán bóithre náisiúnta a chothabháil go riocht láidir sábháilte
2. Bóithre náisiúnta nua a chur ar aghaidh go dtí an chéim tógála agus críochnaithe
3. Measúnú ar raon tionscadal píblíne eile d'fhonn tosaíocht a thabhairt do thionscadail le haghaidh forbartha sa todhchaí

Acmhainní Stáitchiste do 2020

Ba é buiséad iomlán na mBóithre Náisiúnta do 2020 ná thart ar €644 milliún: leithdháileadh €480m don Chlár Caipitil, €35m don deontas cothabhála reatha agus €129m le haghaidh oibleagáidí conarthacha a bhaineann le tionscadail na Comhpháirtíochta Poiblí Príobháidí (PPP).

Thug Bonneagar Iompair Éireann (TII), atá freagrach as clár na mbóithre náisiúnta a chur i bhfeidhm, i gcomhar leis na húdaráis áitiúla ábhartha, faoi mheasúnuithe, pleanáil agus dearadh, réamhoibreacha ullmhúcháin agus tógáil mórthionscadail bóithre náisiúnta in 2020. I dtábla ar an gcéad leathanach eile tugtar breac-chuntas ginearálta ar roinnt de na tionscadail a chuir TII chun cinn in 2020.

Tionscadail Bóithre Náisiúnta 2020

| | |
|---|--|
| <i>N25 Seachbhóthar Ros Mhic Thriúin PPP</i> | Baineadh céim an Cheadúnais Úsáide amach agus bhí an oscailt oifigiúil ar siúl an 29 Eanáir 2020. |
| <i>N4 Cúil Mhuineach go Baile an Loinsigh</i> | Fuarthas faomhadh ón Rialtas chun Conradh tógála a dhámhachtain an 29 Eanáir 2019. Cuireadh an tionscadal seo chun cinn in 2020. |
| <i>M7 Seachbhóthar ón Nás go Droichead Nua agus Seachbhóthar na Solláin</i> | Osclaíodh trí lána sa dá threo don trácht i mí Dheireadh Fómhair 2019 agus críochnaíodh an tionscadal in 2020. Bhí Seachbhóthar na Solláin beagnach críochnaithe faoi dheireadh 2020 freisin. |
| <i>N5 Cathair na Mart go Turlach</i> | Fuarthas faomhadh ón Rialtas chun Conradh tógála a dhámhachtain an 15 Deireadh Fómhair 2019. Cuireadh tús le gníomhaíochtaí tógála go luath in 2020. |
| <i>N22 Baile Bhuirne go Maigh Chromtha</i> | Fuarthas faomhadh ón Rialtas chun Conradh tógála a dhámhachtain an 15 Deireadh Fómhair 2019. Cuireadh tús leis an obair ar an láthair i mí na Nollag 2019 agus tá sí fós ar siúl. |
| <i>N21/N69 Faing go Luimneach (Seachbhóthar Áth Dara)</i> | Faomhadh an Rialtais faighte an 30 Deireadh Fómhair 2019, chun an scéim a chur faoi bhráid an Bhoird Pleanála le haghaidh cead pleanála. D'fhéadfadh go mbeadh sé riachtanach dul ar aghaidh le gné Sheachbhóthar Áth Dara den tionscadal seo ar dtús, in am do Chorn Ryder in 2027. |
| <i>N8/N25/N40 Acomhal Dhún Citeal</i> | Fuarthas faomhadh an Rialtais an 13 Deireadh Fómhair 2020 chun an Conradh tógála a dhámhachtain. Tá tús curtha leis an tógáil agus táthar ag súil go gcríochnófar an t-acomhal uasghráidithe nua in 2024. |
| <i>M50 Seirbhísí Oibriúcháin Mótorbhealaigh a fheabhsú</i> | Cheadaigh an tAire an tionscadal an 24 Iúil 2020. Tá an cur i bhfeidhm ar siúl agus táthar ag súil go mbeidh sé críochnaithe in 2023. |

Infheistíocht i mBóithre Réigiúnacha agus Áitiúla

Tá údaráis aonair bóithre freagrach as bóithre réigiúnacha agus áitiúla a chothabháil agus a fheabhsú. Tá an chuid is mó de leithdháileadh buiséid an Phlean Forbartha Náisiúnta (NDP) do bhóithre réigiúnacha agus áitiúla dírithe ar chothabháil agus athnuachan an ghréasáin faoi raon clár spriocdhírthe deontais.

In 2020 rinneadh infheistíocht de €550 milliún faoin gClár Deontas um Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla. Leithdháileadh an chuid is mó den mhaoiniú seo ar chothabháil agus ar athshlánú bóithre chun tacú le:

- cothabháil ar 3,020 ciliméadar de bhóithre
- neartú ar 2,517 ciliméadar de bhóithre
- 334 tionscadal athshlánúcháin droichid
- 252 tionscadal feabhsaithe sábháilteachta
- 56 mionscéim feabhsúcháin/sábháilteachta (deontais ar leith)
- 343 scéim rannpháirtíochta pobail

Ina theannta sin, cuireadh maoiniú imfhálaithe ar fáil le haghaidh oibreacha draenála agus le haghaidh oibreacha cothabhála agus athnuachana ar bhóithre réigiúnacha (a rangáíodh mar bhóithre náisiúnta roimhe seo) a raibh rátáil riocht sách íseal acu.

Faoi Phlean Spreagtha Iúil 2020, leithdháileadh €30 milliún do bhearta Taisteal Gníomhach ar bhóithre réigiúnacha agus áitiúla agus €10 milliún do bhearta oiriúnaithe don athrú aeráide.

Leanadh le roinnt infheistíochta freisin ar scéimeanna feabhsaithe bóithre ar scála níos mó. Liostaíodh 12 scéim straitéiseach feabhsaithe bóithre réigiúnacha agus áitiúla sa NDP le cur i bhfeidhm agus, tar éis 3 scéim a thabhairt chun críche in 2019, cuireadh na cinn seo a leanas chun cinn in 2020:

- Bhí tógáil Bhóthar Dáileacháin Thiar Shligigh á tabhairt chun críche
- Rinneadh dul chun cinn maith freisin ar scéim Sheachbhóthar na Solláin
- Cuireadh tús le huasghrádú Bóthar Bhaile an Bhiataigh go Baile an Inse
- Rinneadh dul chun cinn ar an bpróiseas soláthair maidir le tógáil roinnt scéimeanna, lena n-áirítear Bóthar Dáileacháin Uí Chuanach go Cnoc an Lisín agus Bóthar Dáileacháin Theas Bhaile Átha Í
- Bhí réamhoibreacha agus fáil talún ar siúl freisin do scéimeanna eile.

Iompar Poiblí

Forbhreathnú ar dhul chun cinn ar thionscadail shonracha iompair poiblí in 2020.

Dul chun cinn ar Thionscadail Phlean Caipitil Iompair Phoiblí in 2020

| | |
|---|---|
| <i>Athchomharthaíocht Lár Chathair Bhaile Átha Cliath</i> | Leanadh den obair in 2020 ar uasghrádú mór ar chomharthaíocht iarnróid Lár Chathair Bhaile Átha Cliath. Is gné lárnach é an clár d'uasghrádú na seirbhísí iarnróid laistigh de Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath. Déanfaidh an tionscadal soláthar do mhinicíochtaí traenacha méadaithe trí theicneolaíochtaí níos nua-aimseartha a chur in ionad trealamh as dáta. Éascóidh an tionscadal freisin méadú ar leibhéal na seirbhíse feadh Línte Bhéal Feirste agus Mhaigh Nuad, agus trí Lár na Cathrach. |
| <i>DART+ (Leathnú DART roimhe seo)</i> | I mí Lúnasa 2020 foilsíodh an plean foriomlán DART+ agus an doiciméad comhairliúcháin poiblí le haghaidh DART+ Thiar (líne Mhaigh Nuad). Leanadh den obair ar an Réamh-Chás Gnó a ullmhú le cur faoi bhráid an Rialtais lena cheadú in 2021 ag teacht le ceanglais an Chóid Chaiteachais Phoiblí. Lean an NTA, i gcomhar le hIarnród Éireann, leis an gcreat soláthair 10 mbliana d'aonaid dé-mhód (leictreacha agus ceallraí-leictreacha) a chur chun cinn, rud a leathnóidh an flít. Ar leithligh, chuaigh NTA agus Iarnród Éireann ar aghaidh le 41 carráiste breise a cheannach do flít iarnróid comaitéireachta Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath. Méadóidh an tionscadal seo acmhainn thart ar 34% ar fud na Línte Chill Dara, Mhaigh Nuad agus an Tuaiscirt. |
| <i>Metro Link</i> | Leanadh le hobair i rith 2020 ar fhorbairt an “Bealaigh Deiridh” agus ar réamhchás gnó do MetroLink. |
| <i>BusConnects</i> | Foilsíodh Athdhearadh Líonra BusConnects Bhaile Átha Cliath i mí Mheán Fómhair 2020, agus cuireadh tús leis in 2021. Chríochnaigh an NTA sraith de chomhairliúcháin poiblí ar na tograí do 16 chroí-chonair bus (lánaí bus) i R1 2020 agus R4 2020. |
| <i>Ionad Náisiúnta Rialaithe Traenach</i> | Cuireadh tús le tógáil an Ionaid Náisiúnta Rialaithe Traenach (NTCC) in 2020. Déanfaidh an NTCC nuachóiriú agus comhtháthú ar rialú comharthaíochta agus cumarsáide ar fud an ghréasáin iarnróid ar fad. Buntáiste suntasach do chustaiméirí a bhainfidh leis an NTCC ná feidhmíocht traenach méadaithe agus infhaighteacht faisnéise taistil fíor-ama chun turas a phleanáil. Is príomhchumasóir DART+ é an NTCC agus beidh sé mar thaca ag an leathnú pleanáilte agus féideartha amach anseo ar sheirbhísí iarnróid ar fud an ghréasáin iarnróid ar fad. |
| <i>Clár athsholáthair busanna PSO</i> | Seachadadh thart ar 120 bus nua do flít busanna PSO in 2020, lena n-áirítear 77 hibrideach dhá stór. Is breisithe leis an bhflít iad thart ar 8% de na busanna nua seachas athsholáthar do stát seasta. |
| <i>Cothabháil líonra iarnróid</i> | Soláthraíodh €197 milliún d'Iarnród Éireann chun an gréasán iarnróid thom a chothabháil agus a athnuachan ar fud na tíre faoi Chonradh Ilbhliantúil an Bhainisteora Bonneagair (IMMAC). Chiallaigh sé sin gur comhlíonadh an riachtanas maoinithe stáit seasta (arna thomhas ar bhonn bliantúil) don bhliain 2019, rud a léiríonn dul chun cinn suntasach i dtéarmaí mhaoiniú foriomlán an ghréasáin iarnróid thom. In 2020 cuireadh maoiniú breise de €21 milliún ar fáil freisin d'Iarnród Éireann trí Spreagadh Iúil. Baineadh úsáid as an gcuid is mó de seo chun cabhrú le hathsheoladh rianta ar phríomhlíne Bhaile Átha Cliath-Corcaigh agus baineadh úsáid as méid níos lú chun feabhsúcháin stáisiúin ar fud an ghréasáin a luathú. |

Cárta Leap

Cé gur léirigh Eanáir agus Feabhra fás leanúnach ar úsáid Chárta Leap TFI, ó mhí an Mhárta ar aghaidh bhí an laghdú ar úsáid iompair phoiblí mar gheall ar COVID-19 le feiceáil in úsáid na scéime Cárta Leap TFI de réir mar a thit méideanna agus leibhéil ghníomhaíochta i ngach réimse.

Thit líon na gCártaí Leap TFI a eisíodh 62% go 347,166 agus tháinig laghdú nach mór faoi leath ar luach iomlán na mbreiseán a próiseáladh go €136 milliún. Cé gur thit luach foriomlán na mbreisithe 49%, lean an t-aistriú chuig breisithe soghluaiste le méadú 5% ar sciar na mbreisithe iomlána de réir luacha a rinneadh tríd an App Breisithe.

Ba iad díolachán ticéad ba mhó a ndeachaigh COVID-19 i bhfeidhm orthu, agus thit díolacháin iomlána go díreach os cionn €36 milliún, titim 66%. I mí Lúnasa, fuair an tÚdarás Náisiúnta Iompair (NTA) faomhadh an Rialtais síneadh a chur leis na ticéid bhliantúla TaxSaver reatha ar feadh sé mhí eile mar fhreagra ar COVID-19. D'éascaigh sé seo go leor custaiméirí a bhí ag tabhairt faoi thurais go hannamh. Ag an am céanna, lean na hoibreoirí fóirdheonaithe go léir ag tairiscint aisíocaíochtaí do chustaiméirí. Ar an iomlán, tháinig laghdú 66% ar luach iomlán na ndíolachán ticéad Sábhála Cánach go dtí díreach €29 milliún.

Iarmhairt eile de COVID-19 ná gur chuir an tÚdarás an feachtas bliantúil *Kids Go Free* ar ceal, a bhí á thairiscint gach bliain ó 2014 i leith.

Iarnród Éadrom

Chuaigh Tionscadal Feabhsaithe Acmhainne na Líne Glaise ar aghaidh le seachadadh, i rith na bliana, ar shintí tram agus cuireadh tús le seachadadh na 8 dttram breise nua. Reáchtáladh comhairliúchán poiblí ar an Bealach is Fearr atá ag Teacht chun Cinn do Luas Fhionnghlaise agus ceapadh foireann deartha chun tús a chur le hobair ar thograí iarnróid éadroim do Chathair Chorcaí.

Ticéadú don Chéad Ghlúin Eile (NGT)

Tá an NTA ag iarraidh córais ticéadaithe nua agus níos solúbtha a chur i bhfeidhm trína thionscadal NGT, atá ina phríomhghné de Chlár BusConnects.

Ionchorpróidh an tionscadal seo na forbairtí is déanaí i dteicneolaíocht ticéadú cuntasbhunaithe, rud a d'fhéadfadh úsáid cártaí creidmheasa/dochair nó gléasanna soghluaiste a cheadú mar mhodh áisiúil íocaíochta. Ceadóidh sé seo freisin comhtháthú le híocaíochtaí iompair eile amhail áiseanna páirceála agus fruiliú rothar.

I mí an Mheithimh 2020, rinneadh triail phíolótach ar réiteach ticéadaithe soghluaiste nua ar sheirbhís de chuid Bhus Éireann. Cuireann an réiteach seo ar chumas na bpaisinéirí ionchasacha ticéad bus a cheannach ar bhealach amháin ach is céim shuntasach chun cinn é chun bealach díolacháin eile a chur leis an margadh.

I mí Mheán Fómhair, chuir an tÚdarás tús leis an bpróiseas soláthair phoiblí a chuirfidh ar chumas an Údaráis conradh a dhámhachtain chun réiteach nua ticéadaithe a sholáthar agus a oibriú go náisiúnta, a chuirfidh ar chumas custaiméirí a bhfóin chliste, cártaí dochair agus creidmheasa gan tadhall chomh maith le barrachóid a úsáid chun rochtain a fháil ar iompar poiblí. .

Cé go bhfuil an tionscadal á chur i bhfeidhm mar chuid de chlár BusConnects Baile Átha Cliath, beidh sé inscálaithe chun feidhmiú a cheadú ar fud an ghréasáin iompair phoiblí níos leithne sa todhchaí.

Seirbhísí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí

Tá formhór na seirbhísí iompair phoiblí sa tír ar conradh ag an NTA agus tugtar seirbhísí PSO orthu, lena n-áirítear seirbhísí Local Link i gceantair thuaithe. Feidhmíonn na seirbhísí bus agus iarnróid seo faoi chonarthaí idir an NTA agus gach oibreoir. Is í an ghné shainithe de sheirbhísí iompair PSO ná, cé go bhfuil sé inmhianaithe go sóisialta iad a bheith ann, go bhfuil siad neamheacnamaíoch den chuid is mó le soláthar, toisc go sáraíonn a gcostais na hioncaim is féidir leo a ghiniúint.

I mBuiséad 2020, agus roimh phaindéim COVID-19, cuireadh beagnach €289 milliún ar fáil do sheirbhísí PSO, lena n-áirítear thart ar €8 milliún do sheirbhísí rialta tuaithe Local Link atá sa bhreis ar €14.9 milliún a soláthraíodh cheana féin ar leithligh do Local Link faoin gClár Iompair Tuaithe (RTP). Ba mhéadú beag é seo ar leithdháileadh 2019.

Mar gheall ar thionchar COVID-19, leithdháileadh €370 milliún breise (sa bhreis ar an c. €300m a soláthraíodh cheana i mBuiséad 2020) chun oibriú leanúnach seirbhísí iompair phoiblí le linn na paindéime in 2020 a chumasú.

Tacaíochtaí d'Oibreora Bus Tráchtála

Roimh éigeandáil sláinte COVID-19, bhí na seirbhísí a chuir cuideachtaí bus príobháideacha ar fáil ag feidhmiú ar bhonn tráchtála. Ach mar gheall ar thionchar COVID-19 ar líon na bpaisinéirí, agus an titim ghaolmhar ar ioncam ó tháillí, ní raibh na seirbhísí seo inmharthana ó thaobh tráchtála de a thuilleadh.

Ina fhianaise sin, i mí an Mheithimh 2020, tugadh isteach tacaíochtaí airgeadais sealadacha nua ar feadh tréimhse 6 mhí ar dtús do sheirbhísí tráchtála ceadúnaithe áirithe, d'fhonn acmhainneacht a chosaint ar fud na hearnála iompair phoiblí le linn na géarchéime. Rinne an NTA, thar ceann na roinne, 16 conradh dámhachtana díri leis na soláthraithe oibreoirí bus tráchtála is mó sa tír agus 48 conradh cúnaimh deontais 'de minimis' le hoibreoirí níos lú de réir rialacha Cúnaimh Stáit. Chuir an Státchiste €32.3m ar fáil don NTA le leithdháileadh ar na hoibreoirí a chomhlíon na critéir mhaoinithe.

Uimhreacha Paisinéirí agus Ioncaim

Bhí tionchar tubaisteach ag COVID-19 ar úsáid iompair phoiblí ó Mhárta 2020 ar aghaidh mar gheall ar an ngá le srianta a fhorchur ar ghluaiseachtaí daoine agus ar líon na bpaisinéirí a ceadaíodh ar fheithiclí iompair phoiblí chun sábháilteacht paisinéirí a chinntiú agus cosc a chur ar leathadh COVID-19. Ar an iomlán, tháinig laghdú 156.8 milliún (-53.3%) ar líon na bpaisinéirí ar sheirbhísí conraithe bus agus iarnróid, agus tháinig laghdú €337.7 milliún (-51.2%) ar ioncam i gcomparáid le 2019. Sháraigh costais oibriúcháin Luas an t-ioncam den chéad uair le roinnt blianta anuas. Tabhaíodh easnamh oibriúcháin de €0.65 milliún.

Inrochtaineacht ar Iompar Phoiblí

Tá an Roinn freagrach as beartas agus as maoiniú foriomlán maidir le hinrochtaineacht iompair phoiblí. Tá freagracht reachtúil ar an NTA as gréasán iompair phoiblí comhtháite inrochtana a fhorbairt.

I rith 2020, tháinig Coiste Comhairleach Inrochtaineachta (ACC) na Roinne le chéile ar bhonn ráithiúil. Tugann an ACC le chéile Oifigigh ón Roinn, ó ghníomhaireachtaí ábhartha, ionadaithe ó eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine faoi mhíchumas agus baill den Ghrúpa Geallsealbhóirí Míchumais (DSG). Ceaptar comhaltaí an DSG faoi Straitéis Náisiúnta an Rialtais um Chuimsiú Míchumais. Tá miontuairiscí na gcruinnithe seo, Clár Oibre an ACC agus doiciméid ghaolmhara eile ar fáil ar líne ag www.gov.ie.

Tá gnéithe inrochtaineachta, amhail rochtain do chathaoireacha rothaí agus áiseanna closamhairc, mar chuid de gach tionscadal agus feithicil nua bonneagair iompair phoiblí ón gcéim deartha. Tá rochtain iomlán ar chórais níos nuaí ar nós LUAS. Mar sin féin, tá saincheisteanna oidhreachta ann maidir le bonneagar agus áiseanna níos sine, mar shampla bonneagar iarnróid ó ré Vichteoiriach. Chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna oidhreachta seo, maoiníonn an roinn clár leanúnach deontas feabhsaithe inrochtaineachta, arna bhainistiú ag an NTA, chun an bonneagar agus na háiseanna níos sine atá ann cheana féin a uasghrádú.

Tugadh faoi roinnt tionscnamh in 2020 chun seirbhísí agus bonneagair iompair phoiblí a dhéanamh go hiomlán inrochtana de réir a chéile, i gcomhréir le Coinbhinsiún na NA ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (UNCPRD). Ina measc sin bhí:

- Lean Iarnród Éireann d'Oifigigh Seirbhíse do Chustaiméirí (CSO) a rolladh amach ar bhealaí idirchathrach a chuirfeadh deireadh leis an riachtanas réamhfhógra do dhaoine faoi mhíchumas a dteastaíonn cúnamh uathu ar a leithéid de sheirbhísí – bhí 64 de na 115 CSO riachtanach i bhfeidhm faoi dheireadh na bliana.
- Ó 2015 i leith, tá scáileáin ilmheán feistithe ag flíteanna Bhus Éireann a thaispeánann dul chun cinn bealaí agus faisnéis faoi stadanna. Tá tionscadal ar bun chun fógraí fuaime agus amhairc ar bord a rolladh amach do gach ceann de na 6,000 stad bus i gceantair thuaithe agus réigiúnacha. Tá fógraí faoin gcéad stad eile ag Bus Éireann ar bord ag 51% dá stadanna faoi láthair. Chuir an chuideachta bealaí eile i bhfeidhm i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath agus i gCorcaigh in 2020.
- Cé go bhfuil Córais Faisnéise Paisinéirí (PIS) feistithe ag gach traein DART, tá uasghrádú ar a PIS de dhíth ar 47% den bhflít. Bhronn Iarnród Éireann an tairiscint i R4 2020.
- Tugadh faoi thionscadal píolótach um aimsiú bealaigh ag stáisiún Chill Easra agus suiteáladh comharthaí treo agus bealaí-aimsithe i ndeich stáisiún iarnróid in 2020.
- In 2019, ghlac an NTA le 52 de chineál nua bus le hurlár íseal a sheachadadh do bhealaí comaitéireachta réigiúnacha níos giorra, a ligeann d'úsáideoirí cathaoireacha rothaí dul ar bord le gnáthrampa rochtana agus a bhfuil spás tiomnaithe do chathaoireacha rothaí (ní gá suíocháin a bhaint). Ceannaíodh feithiclí comaitéireachta réigiúnacha aon stór breise,

le spás tiomnaithe do chathaoireacha rothaí (ní gá suíocháin a bhaint) a cheadaíonn do chathaoir rothaí dul ar bord le gnáthrampa rochtana. Chuir COVID-19 moill ar sheachadadh ordú 2020 na bhfeithiclé seo. Mar sin féin, cuireadh tús le seachadadh 40 feithicil eile le linn R4 2020.

Clár Iarfheistithe d'Inrochtaineacht

Áiríodh leis an gclúdach caipitil 4 bliana d'iompar poiblí a fógraíodh faoi Bhuiséad 2018, leithdháileadh ilbhliantúil de bheagnach €28m don chlár iarfeistithe d'inrochtaineacht don tréimhse 2018 go 2021. Is ionann an maoiniú seo agus méadú faoi thrí ar an leithdháileadh roimhe seo le haghaidh inrochtaineachta faoin bPlean Caipitil. Leithdháileadh €7 milliún ar an gclár seo in 2020 agus áiríodh leis an dul chun cinn:

Stadanna bus i gceantair thuaithe: In 2020, shocraigh an NTA sprioc chun stadanna bus inrochtana (aon stad i ngach treo) a sheachadadh i 43 baile ina bhfuil daonra de bhreis agus 5,000, faoi dheireadh 2021. Faoi dheireadh 2020, bhí 23 stad críochnaithe.

Bánna bus inrochtana ag stáisiúin bus/stáisiúin traenach: Tá an NTA ag obair le Bus Éireann agus tá uasghrádú déanta acu ar bhánna inrochtana do chathaoireacha rothaí ag Stáisiúin Bus an Chabháin, Mhuineacháin, Shligigh agus Bhéal Átha Seanaidh. Tá oibreacha beagnach críochnaithe ar sholáthar cuanta bus atá oiriúnach do chathaoireacha rothaí agus feabhsuithe inrochtaineachta seachtracha ag Stáisiúin Ros Láir, Cill Árne, Trá Lí agus Port Láirge. Comhaontaíodh dearáí ar sholáthar bánna oiriúnach do chathaoireacha rothaí agus feabhsuithe inrochtaineachta seachtracha ag Stáisiúin Bus Bhéal an Átha, Bhaile Átha Luain, Trá Mhór agus Loch Garman agus tá doiciméid tairisceana ullmhaithe. Bhí plé ar dheardh ar siúl maidir le seacht stáisiún - Busáras, Dún Dealgan, Plás Parnell (Corcaigh), Maigh Chromtha, Inis, Cluain Meala agus Longfort.

- Stáisiún Inrochtana Bus: D'iarr an NTA ar Bhus Éireann iniúchtaí inrochtaineachta a dhéanamh ar 18 dá bhfoirgnimh stáisiún bus. Tá siad seo liostaithe agus curtha in ord tosaíochta le haghaidh oibreacha amach anseo.
- Iarfheistiú Inrochtaineachta Iarnróid: Bhí roinnt moilleanna ann mar gheall ar shrianta COVID-19, ach leanadh le tógáil ar thrasdhiroichead agus ardaitheoir nua ag stáisiún Inis agus Cheatharlach. Críochnaíodh oibreacha rochtana ar stáisiún Chúil Mhín. Cuireadh tús leis an obair thógála chun droichead coise a shuiteáil ag Stáisiún Mheathas Troim. Cuireadh tús in 2020 le hobair dheartha mhionsonraithe ar inrochtaineacht ar 15 stáisiún traenach breise a fheabhsú.
- In 2020, bhí €3.3m imfhálaithe faoi chlár athchóirithe/athsholáthair ardaitheoirí iarnróid arna bhunú ag an NTA faoin gClár Caipitil. Is é aidhm an chlár seo ardaitheoirí agus ardaitheoirí atá imithe in éag atá i ndrochríocht a athnuachan agus a athsholáthar, lena chinntiú go bhfuil iontaofacht agus infhaighteacht ann don rochtain ar ardaitheoirí. Cuid mhór den chlár is ea an t-athnuachan iomlán ar ardaitheoirí ag 12 stáisiún i gceantar Bhruachbailte Bhaile Átha Cliath. Críochnaíodh oibreacha ag Mullach Íde, Domhnach Bat, Ráth Eanaigh, an Ros agus Lusca. Tá tuilleadh eolais ar na hoibreacha seo – ar a dtugtar “The Big Lift” – le fáil ar shuíomh gréasáin iarnród Éireann ag <https://www.irishrail.ie/news/major-lift-investment-programme-at-iarnrod-eireann>

- Feithiclí Inrochtana do Chathaoireacha Rothaí (WAVanna)/Tacsaithe: Leis an Scéim Deontais (WAV) a tugadh isteach den chéad uair in 2014 agus atá ag feidhmiú go bliantúil ó shin, soláthraítear deontais chun feithiclí oiriúnacha a fháil nó a oiriúnú chun feidhmiú mar thacsaithe agus fruilcharranna inrochtana do chathaoireacha rothaí. Chuidigh sé le líon na WAVanna sa chabhlach a mhéadú ó íosmhéid de 4% in 2014 go dtí os cionn 16% faoi láthair.

Clár Iompair Tuaithe/Local Link

Tá freagracht náisiúnta ar an NTA as iompar comhtháite áitiúil agus tuaithe, lena n-áirítear bainistiú an Chláir Iompair Tuaithe (RTP). Mar is amhlaidh le gach seirbhís iompair phoiblí eile, chuir paindéim COVID-19 isteach ar líon na bpaisinéirí ar sheirbhísí Local Link in 2020 le 1.4 milliún turas san iomlán in 2020 ar 1275 bealach seirbhíse i gcomparáid le 2.5 milliún turas paisinéara ar 2,500 bealach seirbhíse in 2019, ar fud meascán d'Iompar ag Freagairt ar Éileamh (DRT) agus Seirbhísí Rialta Tuaithe.

In 2020, is é an méid iomlán a leithdháileadh ar sheirbhísí Local Link ná €23.4m, comhdhéanta de mhaoiniú RTP de €14.9m agus €8.5m de mhaoiniú PSO do Sheirbhísí Rialta Tuaithe. Mar gheall ar an gcistiú breise ó 2016, cuireadh ar ár gcumas 85 bealach Seirbhíse Rialta Tuaithe nua a thabhairt isteach, chomh maith le feabhsuithe ar sheirbhísí DRT agus treoirthionscadail a dhéanamh ar sheirbhísí um thráthnóna/oíche i gceantair thuaithe áirithe atá príomhshruthaithe anois. Feidhmíonn na Seirbhísí Rialta Tuaithe nua cúig huaire in aghaidh an lae ar a laghad thar sceideal 5,6,7 lá in aghaidh na seachtaine. Tá siad deartha go sonrach chun nascacht le seirbhísí iompair phoiblí eile a chinntiú agus nasc níos fearr de sheirbhísí idir bailte agus sráidbhailte agus laistigh díobh.

Chomh maith lena thionscnaimh chun seirbhísí bus Local Link a fheabhsú, tá dhá thionscnamh phiólótacha deartha ag an NTA, trí Local Link, chun soláthar seirbhísí iompair áitiúla fruilchair agus pobail i gceantair thuaithe a chothú agus maoiniú deontais á chur ar fáil i dtreo na gcostas a bhaineann le soláthar den sórt sin seirbhísí i gceantair thuaithe áirithe – tá glacadh an dá scéim an-teoranta. Bhí na Scéimeanna Píolótacha um Fruilcharr Limistéir Áitiúil agus Seirbhísí Iompair Pobail Phiólótacha le bheith ar siúl ar feadh dhá mhí dhéag go dtí deireadh mhí na Nollag 2020 ach cuireadh ar fionraí iad ar feadh tamaill le linn 2020 mar gheall ar COVID-19, agus na Seirbhísí Iompair Pobail á n-oibriú mar sheirbhís 'bailiú agus seachadadh' do dhaoine leochaileacha den phobal nach raibh in ann taisteal.

Áiríodh le tionchair COVID-19 ar sheirbhísí iompair phoiblí i gceantair thuaithe tionchair agus bearta chun cabhrú le daoine faoi mhíchumas. Mar sin féin, lean na seirbhísí Rialta Tuaithe de Local Link ag rith mar is gnách. Lean gach seirbhís lae den Taisteal ag Freagairt ar Éileamh (DRT) ag rith freisin. Mar sin féin, ath-implonáodh go leor le haghaidh seirbhísí 'bailiú agus seachadadh', ag seachadadh soláthairtí rithabhachtacha leighis, bia agus eile ó chógaslanna agus ó shiopaí áitiúla do dhaoine leochaileacha den phobal nach raibh in ann taisteal.

Áiríodh leis seo freisin sé scéim phiólótacha carranna pobail, a faomhadh do 2020 i gCorcaigh, Ciarraí, Uíbh Fhailí, an Longfort agus Maigh Eo. Mar thoradh ar shrianta COVID-19, d'fheidhmigh an chuid is mó de na scéimeanna píolótacha seo, a úsáideann carranna seachas busanna, go príomha mar sheirbhís 'bailiú agus seachadadh' i.e. ag seachadadh siopadóireacht grósaeireachta, oidis, earraí riachtanacha eile srl. do dhaoine nach raibh in ann taisteal.

Ceadúnú Oibreoirí Iompair ar Bóthar

Bainistíonn an Roinn Iompair an próiseas ceadúnais d'oibreoirí tarlaithe ar bóthar agus d'oibreoirí iompair paisinéirí ar bóthar in Éirinn. Ag deireadh 2020, bhí 3,787 sealbhóir ceadúnais tarlaithe ann agus bhí 20,182 feithicil údaraithe san iomlán agus 1,622 sealbhóir ceadúnais paisinéara le 11,589 feithicil údaraithe. I rith 2020, eisíodh 810 Ceadúnas Oibreora Tarlaithe ar Bóthar agus 281 Ceadúnas Oibreora Iompar Paisinéirí ar Bóthar.

In 2020, rinneadh thart ar 60% d'iarratais ar cheadúnais agus 80% d'iarratais ar cheadúnais reatha a leasú trí sheirbhís iarratais ar líne na roinne. Tá méadú seasta tagtha ar úsáid na seirbhíse iarratais ar líne bliain i ndiaidh bliana, rud a thugann le fios go bhfuil an earnáil ag glacadh de réir a chéile le córais iarratais leictreonacha. Ba ionann ioncam ó tháillí ceadúnais do 2020 agus thart ar €1m.

Lean RTOL den obair ullmhúcháin do Phacáiste Soghluaisteachta I an AE, a tugadh chun críche in 2020. I measc na bhforbairtí atá le tabhairt isteach sa reachtaíocht nua AE seo tá ceadúnú Feithicilí Tráchtála Éadroma atá ag gabháil d'iompar idirnáisiúnta ar fruiliú nó ar luaíocht; is modhnú suntasach é seo ar an gcóras ceadúnaithe leictreonaigh. D'oibrigh RTOL go dlúth freisin le hAonad Brexit na Roinne ar chúrsaí Brexit i gcomhthéacs dhul in éag na hidirthrémhse Brexit an 31 Nollaig 2020.

Maidir le cúrsaí a bhaineann le beartas níos leithne i leith iompair ar bóthar, lean an Grúpa Scileanna Lóistíochta agus Slabhra Soláthair lena chuid oibre in 2020, ag teacht le chéile ar bhonn ráithiúil. Tá an grúpa, a bunaíodh in 2019, comhdhéanta d'ionadaithe tábhachtacha ón earnáil tarlaithe agus lóistíochta (lena n-áirítear na príomheagraíochtaí ionadaíochta tarlaithe), soláthraithe oideachais agus oiliúna, agus na Ranna agus na Gníomhaireachtaí Rialtais ábhartha go léir. Tá an Roinn Iompair ina cathaoirleach ar an ngrúpa faoi láthair. Tá sé mar phríomhaidhm aige oibriú le chéile chun tacú le cur chun cinn gairmeacha, forbairt scileanna agus fostaíocht inbhuanaithe sna hearnálacha lóistíochta agus slabhra soláthair in Éirinn, ag soláthar fóraim do ghníomhaíocht phraiticiúil agus do chomhoibriú chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais scileanna an tionscail.

Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre

Tá sé mar aidhm ag an gceathrú Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre 2013-2020 de chuid an Rialtais Éire a dhéanamh ar cheann de na tíortha is sábháilte san AE maidir le básanna ar bhóithre. B'ionann líon na mbásanna ar na bóithre agus 148 in 2020, arbh ionann é sin agus méadú de 8 ar bhásanna in 2019, ar an drochuair. Ba ábhar díomá na figiúirí do 2020 i bhfianaise an laghdaithe ar an trácht. Déanfar ceachtanna a mheas agus an chéad Straitéis eile um Shábháilteacht ar Bhóithre á fhorbairt.

Le linn 2020, mar ullmhúchán do dhul in éag na Straitéise um Shábháilteacht ar Bhóithre 2013-2020, chuir an Roinn dlús lena cuid oibre leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre ar fhorbairt Straitéise um Shábháilteacht ar Bhóithre ina dhiaidh sin. Mairfidh sé sin ar feadh tréimhse níos faide ná mar is gnách – 2021-2030 – chun é a ailíniú le straitéis an AE um shábháilteacht ar bhóithre. Ag teacht le gealltanais an Rialtais, glacfaidh sé cur chuige Vision Zero agus beidh bearta ar leith ann chun úsáideoirí soghonta bóithre a chosaint.

Reachtaíocht

Tugadh isteach 27 mír de reachtaíocht thánaisteach thar raon leathan de réimsí sábháilteachta ar bhóithre le linn 2020. Léiríonn an líon neamhghnách ard an gá atá le raon leathan beart éigeandála a thabhairt isteach mar gheall ar Covid.

Grúpa Oibre ar Chostas Árachais

Ghlac an roinn páirt sa Ghrúpa Oibre ar Chostas Árachais (CIWG), a bunaíodh in 2016 faoi Chathaoirleacht Aire Stáit de chuid na Roinne Airgeadais. Cuireadh de chúram ar an ngrúpa seo scrúdú a dhéanamh ar na cúiseanna a bhí leis na harduithe a tháinig ar chostas an árachais mhótair le déanaí, agus moltaí a dhéanamh ar conas a d'fhéadfaí na costais sin a laghdú. Tá 23 moladh déanta ag an CIWG, agus 71 gníomh gaolmhar le cur i gcrích laistigh de fhrámaí ama comhaontaithe.

Is é an príomh-mholadh atá fós le réiteach faoi théarmaí tagartha na Roinne Iompair ná go mbunófaí bunachar sonraí árachais a bheidh ag feidhmiú go hiomlán le coinneáil ag an tionscal árachais.

Tá céim a haon den tionscadal bunachar sonraí árachais a bhaineann le mótarfeithiclí faoi úinéireacht phríobháideach críochnaithe anois. Tá obair ar siúl ar chéim 2 – líon na dtiománaithe a ghabháil – agus 3 – polasaithe flít. Braithfidh críochnú an bhunachair sonraí ar an reachtaíocht atá á hullmhú anois.

Fógraí Muirear Seasta agus Pointí Pionóis

Tugadh isteach córas na bpointí pionóis do chionta tiomána áirithe in Éirinn an 31 Deireadh Fómhair 2002. Baineann na cionta a roghnaíodh le cur san áireamh sa chóras go díreach nó go hindíreach le sábháilteacht ar bhóithre agus is é príomhfhócas an chórais tionchar a imirt ar iompar tiománaithe in Éirinn agus é a fheabhsú agus leibhéal báis agus gortuithe tromchúiseacha ar ár mbóithre a laghdú.

Uaireanta bíonn deacrachtaí ag baint le cionroinnt na gcionta pointí pionóis a ndéileáiltear leo sna Cúirteanna ar na taifid ábhartha tiománaithe, go háirithe iad siúd a théann chun na cúirte chun agóid a dhéanamh ar a bpointí pionóis ach nach dtugann a gceadúnas leo.

Tá moladh i dtuarascáil Chigireacht an Gharda Síochána '*The Fixed Charge Processing System (FCPS), a 21st Century Strategy*' go dtabharfaí isteach córas chun a chinntiú go bhfuil gach pointe pionóis formhuinithe ar cheadúnais tiomána. Cuirtear feithiclí agus tiománaithe ar fáil faoi láthair ar bhunachair shonraí ar leith a léiríonn an bealach stairiúil inar seachadadh seirbhísí feithiclí agus tiománaithe.

Féachann an córas Máistir-thaifead Cheadúnais (MLR) le feithiclí a nascadh le tiománaithe ar an gComhad Náisiúnta Feithiclí agus Tiománaithe (NVDF) agus tá sé beartaithe mar phríomhghné chun córas a sheachadadh lena chinntiú go n-éireoidh le gach cion a fhorhuiniú ar cheadúnais tiomána. Ní dhéanfaidh an MLR, áfach, freastal ar chásanna nach bhfuil baint dhíreach ag an gciontóir leis an bhfeithicil.

Rialáil Iarnróid

Ghlac an AE leis an gCeathrú Pacáiste Iarnróid in 2016 lenar rinneadh foráil maidir le dátaí náisiúnta cur chun feidhme idir Nollaig 2017 agus Deireadh Fómhair 2020. Is éard atá sna bearta 3 Threoir agus 3 Rialachán a chluadaíonn::

- Bonneagar agus oibríocht iarnróid a rialú
- Próisis agus córais do shábháilteacht agus idir-inoibritheacht iarnróid a nuashonrú agus a chuíchóiriú
- Oscailt an mhargaidh d'iompar paisinéirí intíre d'iarnród
- Tairiscintí iomaíocha éigeantacha a thabhairt isteach do chonarthaí seirbhíse do phaisinéirí faoi Oibleagáidí Seirbhíse Poiblí (PSO) ó 2019 i leith fhormhór na seirbhísí iarnróid ag na Ballstáit ach conarthaí PSO a dhámhachtain go díreach i gcásanna áirithe a cheadú
- Ról méadaithe don Ghníomhaireacht Eorpach Iarnróid (athainmníodh mar Ghníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh - EUAR).

Tá dhá ghrúpa sna sé thogra de Phacáiste Iarnróid an AE – Colún an Mhargaidh agus Colún Teicniúil.

Tugann colún an Mhargaidh athruithe isteach ar rialachas na bainistíochta bonneagair iarnróid chun tacú le hoscailt an mhargaidh intíre do phaisinéirí agus athruithe ar an rialachán maidir le conarthaí seirbhíse poiblí a dhámhachtain. Leanadh den obair ar ullmhú dréachtrialachán náisiúnta in 2020 agus tugadh chun críche iad a thrasú i mí Mheán Fómhair 2020.

Déanann an colún Teicniúil na Treoracha um Idir-inoibritheacht Iarnróid agus na Treoracha Sábháilteachta Iarnróid a bhí ann níos luaithe a athmhúnlú agus a nuashonrú. Le Rialachán nua de chuid an AE leathnaítear ról an EUAR mar 'ionad ilfhreastail' do dheimhniú sábháilteachta gnóthas iarnróid. Is é an cuspóir feidhmiú an limistéir Eorpaigh Aonair Iarnróid a fheabhsú trí na bacainní atá fós ann a bhaint agus comhchuibhiú na socruithe idir-inoibritheachta agus sábháilteachta a atreisiú. Trasúodh an Colún Teicniúil faoi roinnt rialachán náisiúnta i mí Dheireadh Fómhair 2020, lenar cuireadh i bhfeidhm na forálacha maidir le sábháilteacht agus idir-inoibritheacht iarnróid ar leibhéal náisiúnta, lena n-áirítear foráil a dhéanamh do chumhachtaí reachtúla an Aonaid um Imscrúdú Tionóiscí Iarnróid (RAIU) chun tionóiscí agus teagmhais iarnróid a imscrúdú. a bhaineann le hiarnród trom chun críocha Threoir an AE um Shábháilteacht Iarnróid.

Achtaíodh an tAcht um Shábháilteacht Iarnróid (Tionóiscí Tromchúiseacha, Tionóiscí agus Teagmhais a bhaineann le hiarnród Áirithe a Thuairisciú agus a Imscrúdú), 2020 (Uimh. 18 de 2020) i mí Dheireadh Fómhair 2020 freisin chun foráil a dhéanamh do chumhachtaí leanúnacha tuairiscithe agus imscrúdaithe an RAIU i leith iarnród éadrom agus iarnróid oidhreachta. Cé go raibh bearta den sórt sin san áireamh i reachtaíocht AE níos luaithe, tá na cineálacha iarnróid seo lasmuigh de raon feidhme an Cheathrú Pacáiste Iarnróid, rud a chiallaíonn go raibh gá le reachtaíocht phríomha chun a chinntiú go leanann an RAIU de na

cumhachtaí reachtúla riachtanacha a bheith aige chun tionóiscí ar na córais iarnróid seo a imscrúdú.

I rith 2020, lean an roinn, i gcomhar lena hoifigigh Buanionadaíochta sa Bhruiséil, de chaidreamh le Coimisiún an AE agus chuaigh i mbun caibidlíochta le geallsealbhóirí náisiúnta in idirbheartaíochtaí ar thograí an AE chun Rialachán an AE ar Chearta agus Oibleagáidí Paisinéirí Iarnróid a athmhúnlú..

An tAonad um Imscrúdú Tionóiscí Iarnróid

Is é cuspóir an Aonaid um Imscrúdú Tionóiscí Iarnróid (RAIU) teagmhais ar iarnróid na hÉireann a fhiosrú go neamhspleách d'fhonn a gcúis a fháil amach agus moltaí a dhéanamh chun iad a chosc arís nó chun sábháilteacht iarnróid a fheabhsú ar bhealach eile.

Rinneadh daichead a hocht réamhscrúdú in 2020. Cuireadh tús le seacht n-imscrúdú in 2020, bhain siad seo le:

- Imbhualadh idir traein phaisinéirí de chuid Iarnród Éireann agus trealamh cothabhála ar iarnród, Ros Láir, Loch Garman - 11 Eanáir 2020
- Imbhualadh idir carr agus traein ag crosaire comhréidh Chill na gCaorach XM240, Maigh Eo - 29 Aibreán 2020
- Duine gafa ag trasrian comhréidh ísliithe CCTV, Gort na Fuinseoige, Co. Uíbh Fhailí - 24 Bealtaine 2020
- Imbhualadh idir vaigín comhréidh de chuid Bhord na Móna agus geata trasnaithe comhréidh Chill Cholgáin, Uíbh Fhailí - 8 Meitheamh 2020
- Briseadh pláta fonnaidh ar Inneall Mótair Ginearálta Aicme 201 224 - 7 Iúil 2020
- Díscor líne lasnairde, Stáisiún an Phiarsaigh - 1 Deireadh Fómhair 2020
- Teip trealaimh líne lasnairde, Stigh Lorgan - 2 Samhain 2020
- Imscrúdú treochtaí ar chomharthaí ar gabhadh tharsu chuirtear ag Stop ar líonra LUAS

D'fhoilsigh an RAIU ceithre thuarascáil imscrúdaithe in 2020, bhain imscrúdú amháin le teagmhas a tharla in 2019 agus bhain trí cinn le teagmhais a tharla in 2020. Seo a leanas na himscrúduithe::

- Teagmhas gaiste agus tarraingthe paisinéara LUAS ag Stad Heuston - 26 Márta 2019
- Neastaghas le drong patróil gar do Woodlawn, Gaillimh - 4 Meitheamh 2020
- Neasteagmhais le hoibrí SET Iarnród Éireann, Stáisiún an Ros agus Lusca - 20 Meitheamh 2020

- Imbhualladh idir traein phaisinéirí de chuid Iarnród Éireann agus trealamh cothabhála ar iarnród, Ros Láir, Loch Garman - 11 Eanáir 2020

Mar thoradh ar na ceithre thuarascáil imscrúdaithe, d'eisigh an RAIU ocht gcinn déag de mholtaí sábháilteachta nua in 2020.

Rialáil Feithiclí Beaga Seirbhíse Poiblí (SPSV)

Is téarma reachtach é feithicil bheag seirbhíse poiblí (SPSV) a thagraíonn do thacsaithe, fruilcharranna, fruilcharranna ceantair áitiúil, agus limisiní. Tá an earnáil SPSV á rialú ag an Údarás Náisiúnta Iompair (NTA) faoi fhorálacha an Achta um Rialáil Tacsaithe 2013. Faoin Acht, is é an NTA an t-údarás ceadúnaithe do na SPSVanna. Is é an Garda Síochána an t-údarás ceadúnaithe do thiománaithe SPSVanna.

Chuir paindéim COVID-19 isteach go mór ar an earnáil SPSV. Bhí tionchar mór ag éileamh paisinéirí ar sheirbhísí, a bhíonn ag brath go háirithe ar na hearnálacha turasoíreachta agus fáilteachais, le linn na tréimhse seo toisc gur ghá go gcuirfeadh srianta sláinte poiblí daoine ó thaisteal go ginearálta. I gcás cuid mhór den bhliain 2020, measadh go raibh éileamh na bpaisinéirí ar sheirbhísí SPSV thart ar 30% de na leibhéil réamhphaindéimeach agus stop oiread agus leath de na tiománaithe ar fad ag obair.

I rith na bliana, rinne an NTA beart chun tacú leis an earnáil SPSV, le bearta lena n-áiríodh síntí ceadúnais, tarscaoileadh táillí athnuachana déanacha, agus éascú fionraí árachais SPSV do na hoibreoirí sin a chinn ar stopadh ag obair go sealadach agus a gceadúnas a chur ar fionraí. Chuir an NTA síneadh freisin leis na teorainneacha aoise d'fheithiclí a bhí lena sroicheadh ó Mhárta go deireadh 2020.

Go ginearálta bhí oibreoirí SPSV in ann leas a bhaint as na tacaíochtaí eacnamaíocha cothrománacha a chuir an Rialtas i bhfeidhm mar gheall ar an bpaindéim amhail an PUP agus an Deontas Tacaíochta Fiontraíochta COVID-19.

Chuir an Roinn bearta a bhí sonrath don earnáil chun cinn freisin in 2020 as ar tháinig méadú ar thacaíochtaí don earnáil i mBuiséad 2021 lena n-áiríodh tarscaoileadh ar tháillí caighdeánacha athnuachana ceadúnais feithiclé agus feabhsú ar an Scéim Deontais eSPSV. Méadaíodh an leithdháileadh dó sin ó €1 milliún go €15 milliún. D'oibrigh an roinn go dlúth leis an Roinn Sláinte freisin chun rialacháin a fhorbairt faoin Acht Sláinte 1947 a d'éiligh ar phaisinéirí agus ar thiománaithe clúdaigh aghaidhe a chaitheamh in SPSVanna.

Rialáil Busanna agus Cóistí

In 2020, shínigh an tAire dhá ionstraim reachtúla i réimse na rialála busanna agus cóistí.

I.R. Uimh. 635 de 2020 - Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Cearta Paisinéirí agus iad ag taisteal de Bhus agus de Chóiste) (Leasú) 2020

Ba é cuspóir na Rialachán seo éifeacht a thabhairt do Rialachán (AE) Uimh. 2017/2394 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, maidir le comhar idir údarais náisiúnta atá freagrach as dlíthe cosanta tomhaltóirí a fhorghníomhú agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 a mhéid a bhaineann le Rialachán (AE) Uimh. 181/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cearta paisinéirí in iompar de bhus agus de chóiste. Soláthraíonn na Rialacháin seo na cumhachtaí imscrúdaithe agus forfheidhmithe a cheanglaítear faoi Rialachán AE 2017/2394 a mhéid a bhaineann le hiompar de bhus agus de chóiste don Údarás Náisiúnta Iompair (NTA). Shínigh an tAire an I.R. seo agus tháinig sé i bhfeidhm an 15 Nollaig 2020.

I.R. Uimh. 694 de 2020— Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Comhaontú Idirbhus), 2020

Tugann na Rialacháin seo éifeacht don Chomhaontú ar iompar ócáideach idirnáisiúnta paisinéirí de chóiste agus de bhus (Comhaontú Idirbhus). Is comhaontú é an Comhaontú Interbus a dhéanann foráil maidir le hiompar ócáideach idirnáisiúnta paisinéirí de chóiste agus de bhus idir Ballstáit an AE agus tríú tíortha. Rinneadh na Rialacháin um Chomhaontú Interbus i gcomhthéacs Brexit, agus dá bhrí sin ceanglaíodh iad a dhéanamh faoin 31 Nollaig 2020, roimh dheireadh na hidirthréimhse chun go bhféadfaí leanúint le seirbhísí ócáideacha bus idir Éire agus an RA. Chuir na Rialacháin an Comhaontú Interbus i bhfeidhm in Éirinn le héifeacht ón 1 Eanáir 2021.

Rinneadh méid suntasach oibre in 2020 maidir le hullmhúcháin Brexit lena n-áirítear rannpháirtíocht ar Chuid 13 den Acht um Tharraingt Siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach (Forálacha Iarmhartacha), 2020, lena foráladh do leanúint de sheirbhísí bus trasteorann idir Éire agus an RA sa chás nach raibh aon chomhaontú i bhfeidhm idir an AE agus an RA ag deireadh na hidirthréimhse. Cuireadh ionchur ar iompar paisinéirí ar bhóithre ar fáil freisin don Chomhaontú Trádála agus Comhair.

Beartas um Shoghluaisteacht Inbhuanaithe

Le linn 2020, leanadh den obair ar athbhreithniú ar bheartas um shoghluaisteacht inbhuanaithe (siúl, rothaíocht, agus iompar poiblí) chun go n-éireoidh le Taisteal Níos Cliste: Toghcháin Iompair Inbhuanaithe 2009-2020 agus Creat Beartais Rothaíochta Náisiúnta 2009-2020. Cuireadh tús leis an obair seo in 2018 nuair a d'óstáil an t-Iar-Aire Cruinníú Comhchomhairle ar bheartas taistil ghníomhach agus iompair poiblí i dTeach an Ard-Mhéara. Thug an ócáid seo deis do mhalartú tosaigh tuairimí idir raon leathan eagraíochtaí agus daoine aonair a bhfuil dlúthbhaint acu leis an earnáil soghluaisteachta inbhuanaithe. Tar éis an phlé ag an imeacht sin, chuir an Roinn tús le hobair ar shraith chuimsitheach doiciméad cúlra chun eolas a thabhairt do chomhairliúchán poiblí ar bheartas soghluaisteachta inbhuanaithe na hÉireann.

Fuarthas 253 aighneacht san iomlán mar chuid den chomhairliúchán poiblí a seoladh an 14 Samhain 2019 agus a mhair go dtí an 28 Feabhra 2020. Thacaigh foilsíú na bpáipéar cúlra a d'ullmhaigh an roinn leis an nglaoch ar thuairimí. Chuimsigh gach páipéar cúlra roinnt ceisteanna chun smaointe a ghiniúint maidir le cé chomh maith agus atá an cur chuige reatha maidir le soghluaisteacht inbhuanaithe ag oibriú go maith, na réimsí nach bhfuil ann agus tosaíochtaí don toghcháin.

Fuarthas aighneachtaí ó raon leathan páirtithe leasmhara ó na hearnálacha poiblí, príobháideacha agus neamhbhrabúis. I rith 2020, rinne an Roinn anailís ar na haighneachtaí a fuarthas agus foilsíodh tuarascáil comhairliúcháin poiblí ar shuíomh gréasáin na Roinne. Thionóil an Roinn cruinnithe freisin le roinnt páirtithe leasmhara chun a dtuairimí a fháil ar shoghluaisteacht inbhuanaithe in Éirinn agus ar aon ábhar imní a d'fhéadfadh a bheith acu. Tá na haighneachtaí a fuarthas ag cur le forbairt an Bheartais Soghluaisteachta Inbhuanaithe nua.

Taisteal Gníomhach

Tháinig méadú suntasach ar mhaoiniú do chlár a bhaineann le Taisteal Gníomhach (rothaíocht agus siúl) in 2020 le méadú de bhreis is 300% ar an gcistiú i gcomparáid le 2018. San iomlán leithdháileadh thart ar €107 milliún ar thionscnaimh siúil agus rothaíochta, tionscnaimh taistil níos cliste agus gnéithe iompair de chlár na Scoileanna Glasa.

Bonneagar

Aithníonn an roinn go bhfuil soláthar bonneagair Taistil Ghníomhaigh ar ardchaighdeán rithábachtach chun líon na ndaoine a roghnaíonn siúl nó rothaíocht mar chuid dá dturas laethúil a mhéadú.

Bhí tionchar ag ráig COVID-19 ar sheachadadh chlár Taisteal Gníomhach 2020, rud a d'fhág go raibh athruithe suntasacha ar an mbealach a thaistil daoine. Thug sé seo fócas méadaithe ar sholáthar do rothaíocht agus siúl.

Ina theannta sin, mar thoradh ar éigeandáil sláinte poiblí COVID-19, tugadh isteach bearta phráinneacha chun tacú le gnólachtaí laistigh dár mbailte agus dár gcathracha chun gnó a atosú go sábháilte a éascú. Mar thoradh air sin, bunaíodh dhá chiste nua Taisteal Gníomhach chun cabhrú le húdaráis áitiúla:

- Clár Spreagtha Iúil: Cuireadh leithdháileadh de €52 milliún ar fáil d'údaráis áitiúla i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath agus i gceantair uirbeacha Chorcaí, na Gaillimhe, Luimnigh agus Phort Láirge do thionscadail incháilithe chun tacú le gluaiseacht coisithe agus rothaithe agus chun inrochtaineacht a fheabhsú.
- Bearta Soghluaisteachta COVID-19: Scríobh an tÚdarás Náisiúnta Iompair (NTA) chuig gach Údarás Áitiúil i mí na Bealtaine 2020 ag tairiscint tacaíocht theicniúil agus airgeadais i bhforbairt pleananna Soghluaisteachta COVID-19 agus, rud atá tábhachtach, chun tacú leis na húdaráis áitiúla freisin maidir le feabhsúcháin bhonneagair riachtanacha a sholáthar. Bhí ról tábhachtach ag feabhsuithe a tugadh isteach faoi na pleananna seo maidir le Taisteal Gníomhach méadaithe agus fadú sóisialta i gceantair uirbeacha a éascú.

Ba iad na húdaráis áitiúla sna cúig chathair (Baile Átha Cliath, Corcaigh, Luimneach, Gaillimh agus Port Láirge) a sholáthair formhór mór an chaiteachais ar bhonneagar Taisteal Gníomhach trí mhaoiniú a chuir an NTA ar fáil. Ag teacht lena shainchúram reachtúil, mhaoinigh an NTA bonneagar i gcontaetha na Mí, Chill Dara agus Chill Mhantáin. Chuir an Roinn Iompair maoiniú an NTA ar fáil tríd an gClár Deontas um Bearta Iompair Inbhuanaithe (STMG).

Seo thíos cuid de na príomhthionscadail a seachadadh tríd an gClár STMG in 2020:

- Glasbhealach na Canálach Ríoga Céim 2
- Rotharbhealach Shráid Mhic Liam (Bearta Eatramhacha)
- Bealach Soghluaisteachta Cósta

- Rotharbhealach Cosanta Lána Wellington
- Corcaigh: Athchóiriú agus Feabhsú ar Dhroichead Daly's ("Shakey")
- Lána Rothaíochta Ché Uí Argáin
- Luimneach: Droichead na Sionainne – Lána Rothaíochta Cosanta COVID-19
- Gaillimh: Scoil Iognáid - Sráid na Scoile
- Coill Bhearna – Conair
- Port Láirge: Forbairt Rian na Siúire, Cathair Phort Láirge

Cláir um Athrú Iompraíochta

Chomh maith leis an gclár bonneagair, tacaíonn an roinn freisin le roinnt clár um athrú iompraíochta/cur chun cinn mar a shonraítear thíos.

Seachtain na Rothar

Is feachtas é Seachtain na Rothar atá ar siúl ó 2009 agus atá maoinithe i bpáirt ag an Roinn Iompair agus á reáchtáil ag Údaráis Áitiúla agus grúpaí rothaíochta i ngach contae. Is é an sprioc atá le Seachtain na Rothar ná rothaíocht a spreagadh, go háirithe i measc na ndaoine nach ndearna rothaíocht le fada an lá nó nach ndearna rothaíocht riamh. Le tionchar COVID-19 in 2020, tháinig laghdú mór ar líon na rannpháirtithe (28,359 ó 62,727 in 2019) ach chonacthas bogadh chuig gníomhaíocht fhíorúil freisin a d'fhéadfadh, amach anseo, an feachtas a chur ar aghaidh níos faide ná na modhanna traidisiúnta agus teacht ar chohórt mór daoine.

Ionaid Oibre & Campais le Taisteal Níos Cliste

Leanadh le tacaíocht a thabhairt do Ionaid Oibre agus Campais le Taisteal Níos Cliste in 2020. Is cláir dheonacha náisiúnta um athrú iompraíochta iad seo, a thacaíonn le fostóirí agus le hinstiúidí tríú leibhéal pleananna taistil don ionad oibre a chur i bhfeidhm. Díreann sna pleananna seo ar fhoireann agus mic léinn a spreagadh chun siúl, rothaíocht, iompar poiblí agus carr-roinnt a dhéanamh ar an chomaitéireacht agus níos faide i gcéin, agus eagraíochtaí a spreagadh le machnamh a dhéanamh ar shocruithe oibre solúbtha. Spreagtar campais freisin chun taisteal níos cliste a chur chun cinn mar chuid den churaclam agus trí thionscadail na mac léinn. Cuireann idirghabhálacha um athrú iompraíochta ar nós na ndúshlán céime bliantúla agus dúshlán na rothaíochta taisteal gníomhach chun cinn agus tacaíonn siad le heagraíochtaí a bhfoireann agus a gcuid mac léinn a spreagadh le bheith níos gníomhaí ar an taisteal agus chun críocha fóillíochta.

Thacaigh na cláir le 225 ionad oibre lena n-áirítear eagraíochtaí na hearnála poiblí (agus leathstáit) agus 25 instiúid tríú leibhéal go dtí seo. Oibríonn an NTA na cláir um athrú iompraíochta um Ionaid Oibre le Taisteal Níos Cliste agus um Campais le Taisteal Níos Cliste thar ceann na Roinne Iompair.

CycleRight

Is caighdeán náisiúnta oiliúna rothaíochta é seo a bhfuil sé mar aidhm aige leibhéal caighdeánaithe oiliúna rothaíochta a chinntiú ar fud na tíre. Arna sheoladh i mí Eanáir 2017, cuidíonn CycleRight le líon na leanaí agus na ndaoine fásta a roghnaíonn rothaíocht mar rogha mhodh iompair a mhéadú. Soláthraíonn CycleRight oiliúint agus clárúchán freisin faoi Rothaíocht Éireann d'oiliúnóirí rothaíochta, agus faigheann sé tacaíocht ón Roinn Iompair, Rothaíocht Éireann, an RSA, Éire Shláintiúil, gníomhaireachtaí lárnacha agus áitiúla éagsúla agus grúpaí leasmhara. Cuireadh oiliúint ar os cionn 15,000 dalta in oiliúint CycleRight in 2017, ag méadú go 20,000 in 2018 agus go 25,000 in 2019. Tháinig laghdú ar an líon a fuair oiliúint go 12,970 in 2020 de bharr na ráige COVID-19.

Scoileanna Glasa

Cuireadh tús leis an gclár seo i mí Mheán Fómhair 2008 tar éis clár píolótach 2 bhliain i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath (GDA) agus is é an príomhchlár bainistíochta agus dámhachtana comhshaoil in Éirinn, ag obair le bunscoileanna agus meánscoileanna ar fud na tíre. Tá téama an Taistil maoinithe ag an Roinn Iompair agus tacaíthe ag an NTA. Is é príomhaidhm an téama ná líon na mac léinn a bheidh ag siúl, ag rothaíocht, ag scútáil, ag baint úsáide as iompar poiblí nó carr-roinnt ar an mbealach chun na scoile a mhéadú. In 2020, chuaigh 174 scoil isteach i gClár Taistil na Scoileanna Glasa a bhí níos ísle ná figiúr 2019 de 229 mar thoradh ar thionchar COVID-19.

Interreg

Tá an Clár INTERREG VA ar cheann de roinnt clár maoinithe de chuid an AE atá deartha chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna a eascraíonn as teorainneacha a bheith ann. Tá an Clár á bhainistiú ag Comhlacht na gClár Speisialta AE a bhfuil oifigí aige i mBéal Feirste, Muineachán agus an Ómaigh. Áirítear Tuaisceart Éireann, Dún na nGall, Sligeach, Liatroim, Cabhán, Muineachán agus Lú, agus Iarthar na hAlban sa limistéar incháilithe le haghaidh maoinithe. I measc na dtionscadal tá Mol Ilmhódúil Dhoire, Glasbhealach an Iarthuaiscirt, Glasbhealach Loch Cairlinn agus Glasbhealach Chanáil Uladh i Muineachán agus Ard Mhacha.

Eitlíocht

Cur a mhéid is féidir le nascacht iompair aeir, le hearnáil eitlíochta atá sábháilte, iomaíoch, costéifeachtach agus inbhuanaithe

Tá sé mar aidhm ag ár straitéis eitlíochta seirbhísí aeir atá sábháilte, cost-éifeachtach agus iomaíoch a chur chun cinn a nascann an tír le príomh-mhargáí gnó agus turasóireachta. Tá na beartais agus na gníomhartha chun an sprioc seo a bhaint amach leagtha amach inár mBeartas Náisiúnta Eitlíochta.

Beartas Náisiúnta Eitlíochta d'Éirinn

Foilsíodh an Beartas Náisiúnta Eitlíochta (NAP) i mí Lúnasa 2015. Ina dhiaidh sin foilsíodh dhá thuarascáil ar dhul chun cinn in 2016 agus in 2019. Is iad príomhspríocanna an bheartais nascacht na hÉireann a fheabhsú, fás na fiontraíochta eitlíochta a chothú agus uasmhéadú a dhéanamh ar chion na heitlíochta d'fhás agus forbairt eacnamaíoch inbhuanaithe na hÉireann.

Tá na cuspóirí seo fós bailí ach is léir gur tháinig athrú mór ar chúrsaí ó 2015 i leith na ndúshlán foriomlán don earnáil eitlíochta in Éirinn le fócas athnuaite ar fheidhmíocht chomhshaoil agus ar ndóigh an phaindéim COVID-19 in 2020.

Roimh ghéarchéim COVID-19, chuir oifigigh na Roinne Iompair tús le hobair scóipe ar leagan athbhreithnithe den Bheartas Eitlíochta Náisiúnta iomlán. Cuireadh an obair seo ar sos le linn 2020 chun díriú ar athléimneacht na hearnála eitlíochta chun teacht slán as an ngéarchéim. Tabharfar aghaidh arís ar Bheartas Eitlíochta Náisiúnta iomlán in am trátha. Cuid lárnach den phróiseas forbartha polasaí a bheidh ann comhairliúchán poiblí cuimsitheach chomh maith le dlúth-theagmháil leis an tionscal trí struchtúir an Fhórait Náisiúnta um Fhorbairt Eitlíochta Sibhialta.

Freagairt na hEitlíochta ar COVID-19

Bhí earnáil na heitlíochta ar cheann de na cinn is mó a ndeachaigh paindéim COVID-19 i bhfeidhm uirthi, agus bhí ídiú mór ioncaim ag gach aerlíne agus iad ag tabhairt aghaidh ar leibhéil éagsúla dúshlán airgeadais.

D'fhan oifigigh na Roinne Iompair i dteagmháil go rialta le príomhpháirtithe leasmhara le linn na géarchéime, agus chuir an Rialtas raon tacaíochtaí i bhfeidhm do ghnólachtaí, lena n-áirítear an earnáil eitlíochta. Áirítear ar na tacaíochtaí sin an scéim fóirdheontas pá, tarscaoileadh rátaí tráchtála, iarchur dlíteanais chánach, an Scéim Tacaíochta Srianata COVID, an Scéim Ráthaíochta Creidmheasa, agus Scéim Caipitil Oibre SBCI. Cuireadh maoiniú leachtachta ar fáil freisin trí Chiste Cobhsaíochta agus Aisghabhála Paindéime ISIF d'fhiontair mheánmhéide agus mhóra.

Rialáil EU

Tugadh isteach roinnt rialachán leasaitheach maidir le heitlíocht na hEorpa le linn 2020 mar fhreagra ar thionchar COVID-19.

San Eoraip, ní mór aerfoirt a bhfuil srian tráchta orthu a rangú mar aerfoirt chomhordaithe sliotán. Déanann sé seo rialú ar shliotáin éirí de thalamh, pháirceála agus tuirlingthe chun gluaiseacht aerárthaí a stiúradh ar an mbealach is fearr, agus é mar sprioc aige na hoibríochtaí is féidir a uasmhéadú ó lá go lá.

Gné den phróiseas seo is ea córas tosaíochta stairiúil, a ráthaíonn go mbeidh rochtain ag aeroibreoirí ar shliotáin shonracha, go háirithe más rud é gur oibríodh iad sa tréimhse sceidealaithe roimhe sin. Cuireann rialáil an AE oibleagáid dhlíthiúil ar aeroibreoirí freisin úsáid a bhaint as 80% ar a laghad dá sliotán sannta ag aerfoirt den sórt sin, é sin nó tá baol ann go gcaillfear a dtosaíocht stairiúil ar fad don chéad tréimhse sceidealaithe eile.

Mar gheall ar thionchar COVID-19 agus an titim ghaolmhar san eitlíocht, bhí go leor oibreoirí aeir i staid a chuir a bhfasacht stairiúil i mbaol mar gheall ar an oibleagáid dhlíthiúil sliotán a úsáid. Agus an fhadhb seo á aithint aige, mhol an Coimisiún Eorpach tarscaoiltí úsáide sliotán a chuir deireadh leis an oibleagáid sliotán a úsáid do shéasúir an tsamhraidh agus an gheimhridh in 2020. Thug an fhoráil seo cinnteacht agus slándáil d'oibreoirí aeir agus d'éascaigh sé múchadh sealadach bealaí agus foráil á déanamh freisin don téarnamh sa deireadh ag an oibreoir aeir ábhartha.

I dteannta leis na tarscaoiltí maidir le húsáid sliotán, tugadh isteach rialacháin bhreise a d'éascaigh na rialacha maoirseachta airgeadais agus a d'éascaigh conarthaí gearrthéarmacha seirbhísí ar an talamh. Ba é an rud ba thábhachtaí ná leasú an Choimisiúin Eorpaigh ar na bearta éigeandála ar fáil do na Ballstáit a d'éascaigh na srianta ar thaisteal a ghlac Ballstáit iolracha mar fhreagra ar theacht cinn COVID-19.

Údaruithe Eitilte

Bíonn an roinn i dteagmháil go laethúil le hoibreoirí aeir tríú tíortha chun a n-oibríochtaí aeriompair tráchtála a údarú. Chuir COVID-19 brú ollmhór ar an bhfoireann seo toisc go raibh méadú suntasach ar oibríochtaí den sórt sin le linn 2020. De réir mar a chuaigh 2020 ar aghaidh agus múchadh sceidealaithe aersheirbhísí, tháinig méadú ar úsáid eitiltí neamhsceidh, lena n-áiríodh eitiltí lasta ag iompar PPE agus eitiltí aisdúichithe do na náisiúnaigh choigríche sin a raibh fuinneog theoranta acu filleadh abhaile.

PPE d'Éirinn

De réir mar a chuaigh an phaindéim ar aghaidh, mhéadaigh an brú ar ár seirbhísí sláinte. Réimse amháin a chruthaigh deacrachtaí ná ganntanas Trealamh Cosanta Pearsanta dár bhfoireann sláinte. Toisc go raibh an eitlíocht dhomhanda dúnta go héifeachtach, agus go raibh iompar muirí ró-mhall chun freastal ar an riachtanas láithreach, thug an Rialtas conradh do sheirbhísí Aer Lingus chun PPE a iompar ón tSín ar ais go hÉirinn. Phleanáil Aer Lingus an oibríocht mhór seo a d'éiligh breis agus 200 eitilt ar leith idir Éirinn agus an tSín.

Cé nach raibh baint ag an Roinn Iompair leis an gconradh PPE féin, b'éigean teagmháil a bhunú le húdarás eitlíochta na Síne chun na hoibríochtaí féin a éascú agus leis an Rúis chun traseitiltí a éascú. Trí theagmháil taidhleoireachta agus ag obair le Aer Lingus, bhí an roinn in ann na línte cumarsáide riachtanacha a bhunú leis an dá thír a cheadaigh don oibríocht tosú. Thug sé seo an PPE riachtanach chuig ár seirbhísí sláinte, rud a chuir ar a gcumas leanúint lena gcomhrac in aghaidh COVID-19.

Sábháilteacht Eitlíochta

Tá an creat rialála um shábháilteacht eitlíochta á nuashonrú i gcónaí chun sábháilteacht agus éifeachtúlacht a fheabhsú. I rith 2020, lean an roinn ar aghaidh ag cur le forbairt an bheartais agus na reachtaíochta idirnáisiúnta um shábháilteacht eitlíochta trí rannpháirtíocht ghníomhach i bhfóiraim agus i gcoistí Eorpacha, agus go háirithe i dteagmháil le Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh (EASA).

Trí Ionstraim Reachtúil Uimh. 195 de 2020, a tháinig i bhfeidhm i mBealtaine 2020, chinntigh an tAire go bhfuil ceanglais "cultúr cóir" Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 curtha i bhfeidhm go hiomlán. Tá an Rialachán Eorpach 376/2014 dírithe ar thuairisciú teagmhas san eitlíocht sibhialta a spreagadh trína áirithiú go bhfuil cultúr córa leabaithe in eagraíochtaí agus go bhfuil cosaintí iomchuí ann do dhaoine a thuairiscíonn nó do dhaoine a luaitear i dtuarascálacha ar theagmhais. Tá tuairisciú faisnéise ó ghairmithe tosaigh rithábhachtach chun treochtaí agus rioscaí sábháilteachta eitlíochta a shainiú, mar bhonn le feabhsuithe leanúnacha sábháilteachta. D'ainmnigh an tAire Údarás Eitlíochta na hÉireann (IAA) mar an comhlacht atá freagrach as maoirsiú agus cur i bhfeidhm feidhmeanna 'cultúr cóir' in Éirinn. Féadfaidh fostaithe agus pearsanra ar conradh tuairisc a thabhairt don chomhlacht cultúir chóir san IAA maidir le sárúithe líomhnaithe ar na rialacha maidir le cosaint foinsí faisnéise mar a shonraítear in Airteagal 16 de Rialachán (AE) 376/2014.

In 2019, cheap an tAire, de réir alt 32 den Acht um Údarás Eitlíochta na hÉireann 1993, na comhairleoirí Helios/Egis Avia chun scrúdú a dhéanamh ar chomhlíonadh a fheidhmeanna ag an IAA a mhéid a bhaineann siad le cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú caighdeán teicniúla agus sábháilteachta i ndáil le haerárthaí agus aerloingseoireachta. Is cosaint é an scrúdú tréimhsiúil lena chinntiú go seastar le caighdeáin sábháilteachta. Foilsíodh tuarascáil deiridh an scrúdaithe, a thug léargas ar an staid ina raibh feidhmíocht IAA maidir lena fheidhmeanna reachtúla tráth an scrúdaithe (R2-R3 2019), i mBealtaine 2020. Tugann an tuarascáil dearbhú maidir le feidhmíocht an IAA ar a fheidhmeanna i leith na réimsí a scrúdaíodh.

Lean an roinn ar aghaidh ag obair go dlúth le Rannóg Rialaithe Sábháilteachta an IAA ar chúrsaí sábháilteachta eitlíochta sibhialta. Ag teacht leis an ngealltanas faoi larscríbhinn 19 ICAO ar Bhainistíocht Sábháilteachta, tá an roinn mar aon leis an IAA ar Coiste Comhordaithe an Chláir Sábháilteachta Stáit. Feidhmíonn an Coiste mar ardán leanúnach an Stáit don Chlár Sábháilteachta Stáit (SSP) chun soláthar a dhéanamh do chomhordú idir eintitis stáit atá freagrach as gníomhaíochtaí SSP in Éirinn. Tháinig an Coiste le chéile 4 huairte le linn 2020 chun éascú a dhéanamh ar an obair leanúnach idir an Roinn agus an IAA maidir le beartas agus rialáil sábháilteachta eitlíochta chun a chinntiú go gcoimeádtar seasamh ard na hÉireann i dtaca le sábháilteacht eitlíochta.

In 2020, lean an roinn le comhairliúchán le ranna agus gníomhaireachtaí eile rialtais d'fhonn creat beartais náisiúnta a fhorbairt do chórais aerárthaigh gan fhoireann (dróin).

An tAonad um Imscrúdú Aerthionóiscí (AAIU)

Is é an AAIU an comhlacht atá freagrach as teagmhais eitlíochta in Éirinn a fhiosrú agus cuireann sé cúnaimh ar fáil do stáit choigríche a dhéanann imscrúduithe ar aerárthaí atá cláraithe/oibríte in Éirinn thar lear. Is é bunchuspóir imscrúduithe den sórt sin imthosca agus cúiseanna na n-eachtraí seo a chinneadh, d'fhonn beatha a chaomhnú agus teagmhais chomhchosúla a sheachaint sa todhchaí.

Fuarthas agus rinneadh measúnú ar 12,791 Tuairisc ar Theagmhas Éigeantach (MORanna) in 2020, agus bhí 24 díobh sin ina ábhar spéise don AAIU. Le tús áite tugtha d'imscrúdú agus tuairisciú ar thionóiscí agus teagmhais thromchúiseacha, bhí 16 theagmhas san iomlán faoi réir imscrúdaithe in 2020. Teagmhais náisiúnta a bhí i 7 gcinn díobh agus ba imscrúduithe eachtracha iad 9 gcinn ar aerárthaí atá cláraithe/oibríte in Éirinn thar lear le cúnaimh tugtha ag an AAIU.

Léirítear sa tábla seo a leanas miondealú ar na teagmhais agus na básanna náisiúnta agus idirnáisiúnta iomlána arna dtaifeadh ag an AAIU in 2020.

| | Tionóiscí | Teagmhais Thromchúiseacha | Teagmhais | Iomlán |
|----------------------|-----------|---------------------------|-----------|--------|
| Náisiúnta | 6 | 1 | 0 | 7 |
| Idirnáisiúnta | 2 | 1 | 6 | 9 |
| Iomlán | 8 | 2 | 6 | 16 |

Bhain an laghdú ginearálta ar MORanna agus na himscrúduithe gaolmhara go díreach leis an laghdú ar thaisteal eitlíochta a tharla de bharr na paindéime COVID-19. Mar sin féin, lig an laghdú seo ar ghníomhaíocht don AAIU oibriú trína riaráiste imscrúduithe agus freisin lámhleabhair agus doiciméadú a nuashonrú.

Ní raibh aon bhás eitlíochta in 2020. Bhain triúr gortuithe tromchúiseacha in dhá thionóisc ar leith, beirt i dtionóisc eitlíochta ginearálta i nGaillimh agus duine eile in aerárthach tráchtála sa Bheilg. Bhain beirt mhionghortuithe in dhá thionóisc eitlíochta ginearálta ar leith i gCiarraí agus i Sligeach.

Maidir leis na teagmhais choigríche, thug an AAIU cúnaimh do na himscrúduithe seo trí 9 Ionadaí Creidiúnaithe a cheapadh.

Foilsíodh 28 Tuarascáil, comhdhéanta de 17 gcinn náisiúnta agus 11 cinn idirnáisiúnta, inar chuir an AAIU cúnaimh ar fáil don stát eachtrach, ar shuíomh gréasáin an Aonaid www.aaIU.ie. D'eisigh an AAIU cúig mholadh sábháilteachta chuig eintitis eitlíochta éagsúla in 2020.

Eisíodh Dréacht-Tuarascáil Deiridh ar an gcaillteanas tragóideach Héileacaptar R116 de chuid Gharda Cósta na hÉireann ag an gCarraig Dhubh, Co. Mhaigh Eo, Éire chuig páirtithe

leasmhara an 13 Meán Fómhair 2019. Faoi fhorálacha Alt 15(1) de I.R. 460 de 2009, d'iarr páirtí leasmhar amháin go ndéanfaí Athscrúdú ar Thorthaí agus Tátail shonracha na Dréacht-Tuarascála Deiridh. Dheonaigh an tAire an tAthscrúdú agus bhí an tAthscrúdú seo ar siúl i rith 2020.

Clár agus Coiste Náisiúnta um Shlándaíl Eitlíochta Sibhialta

Lean an roinn ar aghaidh ag cur le forbairt bheartas agus reachtaíocht idirnáisiúnta um shlándáil eitlíochta trí rannpháirtíocht ghníomhach i bhfóiraim agus i gcoistí san AE agus sa Chomhdháil Eorpach um Eitlíocht Sibhialta (ECAC), lena n-áirítear Ceardlann ECAC a óstáil ar fhorbairt beartais um shlándáil eitlíochta do stáit na Eorpa ag Caisleán Bhaile Átha Cliath i mí Feabhra 2020.

Leagtar amach sa Chlár Náisiúnta um Shlándaíl Eitlíochta Sibhialta na ceanglais náisiúnta agus idirnáisiúnta maidir le slándáil eitlíochta d'eitlíocht sibhialta sa Stát. Rinne an Roinn an t-athbhreithniú bliantúil ar an gClár in 2020 i gcomhairle leis an gCoiste Náisiúnta um Shlándaíl Eitlíochta Sibhialta (NCASC).

Comhordaíonn an NCASC, atá faoi chathaoirleacht na Roinne, cur i bhfeidhm an Chláir Náisiúnta um shlándáil eitlíochta sibhialta agus cuireann sé comhairle ar an Rialtas ar gach ábhar a bhaineann le slándáil eitlíochta. Ar an gCoiste tá ionadaithe ó phríomh-Ranna Rialtais, an Garda Síochána, Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, Óglaigh na hÉireann, Údarás Eitlíochta na hÉireann agus earnálacha an tionscail eitlíochta. Tháinig an Coiste le chéile sa suí iomlánach dhá uair in 2020, agus reáchtáladh roinnt cruinnithe grúpa oibre dírithe ar thopaicí chun obair an Choiste a chur chun cinn. Mar fhreagairt ar thosach feidhme srianta sláinte poiblí Covid 19 i mí an Mhárta 2020, bhí cruinnithe seachtainiúla ag an roinn freisin le comhaltaí aerlínte, aerfoirt agus lastais NCSC maidir le hathruithe reachtaíochta ar shlándáil eitlíochta agus bearta eile mar fhreagra ar COVID-19.

An Coiste Náisiúnta um Éascaíocht Aeriompair

Soláthraíonn an Coiste Náisiúnta um Éascaíocht Aeriompair (NATFaC) fóram le haghaidh saincheisteanna le plé ag earnáil eitlíochta agus chun bealaí a aimsiú chun aghaidh a thabhairt orthu chun eispéireas na bpaisinéirí a fheabhsú, chomh maith lena áirithiú go gcomhlíontar larscríbhinn 9 de Choinbhinsiún Chicago a ndéanann faireachán ICAO faireachán air.

Mar gheall ar ghéarchéim COVID-19, reáchtáladh cruinnithe breise ad hoc de chuid an Choiste FAL chomh maith leis an dá bhuanchrúinniú de Choiste FAL le hionadaithe ó na húdaráis aerfoirt, aerlínte, Ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí ábhartha go léir. Tháinig an Coiste na Prótacail Aer-Thaistil Náisiúnta i mí an Mheithimh 2020 a nuashonraíodh i mí Dheireadh Fómhair 2020. Le linn na géarchéime, choinnigh comhaltaí an Choiste plé oscailte agus leanúnach le geallsealbhóirí eitlíochta a raibh tionchar ag bearta sláinte poiblí COVID-19 orthu.

Grúpa Oibre Éascaithe na Comhdhála Eorpaí um Eitlíocht Shibhialta (ECAC)

Tá Grúpa Oibre Éascaithe ECAC comhdhéanta de chomhaltaí agus de bhreathnóirí ón earnáil eitlíochta sibhialta, lena n-áirítear úsáideoirí, speisialtóirí custaim, inimirce, lasta agus sláinte poiblí ó 44 Ballstát ECAC agus oibríonn sé chun taithí paisinéirí a fheabhsú agus chun trádáil agus taisteal trí aerfoirt a éascú. Le linn srianta COVID-19, ní raibh na Grúpaí Oibre in ann teacht le chéile go pearsanta. Mar sin féin, tionóladh roinnt cruinnithe fíorúla agus rinne oifigigh ón roinn ionadaíocht ar Éirinn ag na cruinnithe sin le linn 2020.

An Fóram Náisiúnta um Fhorbairt Eitlíochta Sibhialta

I gcomhréir leis an tiomantas san NAP chun naisc chomhoibríocha níos dlúithe a bhunú leis an tionscal, lean an Fóram Náisiúnta Forbartha um Eitlíocht Shibhialta (NCADF) ar a bhfuil geallsealbhóirí sinsearach a eitlíochta lena chuid oibre in 2020. Tháinig Grúpa Oibre an Chreata Rialála (RFWG) le chéile sé huair in 2020, ag leanúint ar aghaidh le díospóireacht éifeachtach le geallsealbhóirí thar raon saincheistanna rialála agus beartais, lena n-áirítear COVID 19 agus Brexit.

Brexit

Tá Éire ag brath go mór ar naisc eitlíochta leis an RA le haghaidh trádála agus turasóireachta. Roimh Covid, bhí thart ar 44% de na heitiltí go léir go hÉirinn nó uaithi, thart ar 113,000 eitilt in aghaidh na bliana, chuig an RA nó uaithi. Chuir an earnáil níos mó ná €4 billiún go díreach le OTI na hÉireann. Tá earnáil na turasóireachta ag brath go criticiúil ar nascacht eitlíochta agus chaith cuairteoirí ón iasacht thart ar €5 billiún. B'ionann cuairteoirí ón Ríocht Aontaithe (RA) agus díreach os cionn €1 billiún den chaiteachas seo.

Bhí an poitéinseal ag tarraingt siar na RA ón Aontas Eorpach (Brexit) go mbeadh tionchar diúltach suntasach ar earnáil eitlíochta na hÉireann agus ar gheilleagar na hÉireann araon.

I rith 2020, chuidigh an roinn leis an gcaibidlíocht ar leibhéal an AE leis an RA trí struchtúir lárnacha agus d'fhan sí i dteagmháil le geallsealbhóirí an tionscail ar an gcruth atá ag teacht ar chomhaontú Brexit.

Ag deireadh 2020, tháinig idirbheartaithe an AE agus na Ríochta Aontaithe ar chomhaontú maidir le Comhaontú Trádála agus Comhar (TCA), a chuimsíonn caibidil ar Aeriompar. Rinne sé seo foráil do nascacht leanúnach d'aer idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe agus cheadaigh sé comhar praiticiúil i réimsí na sábháilteachta eitlíochta, na slándála agus an aerloingseoireachta.

Soláthraítear rochtain ar an margadh trí chearta tráchta tríú agus ceathrú saoirse mar a thugtar orthu a cheadaíonn rochtain pointe go pointe idir an dá dhlínse m.sh. DUB-LHR agus fillleadh d'aerlíní an AE agus na RA araon. Ina theannta sin, cheadaíonn an chaibidil Aeriompar den TCA do Bhallstáit an AE 'socrúithe déthaobhacha' a thabhairt i gcrích leis an RA a

chlúdaíonn catagóirí áirithe aersheirbhísí, eadhon cearta tráchta cúigiú saoirse do gach seirbhís lasta ar bhealaí breise AE agus le haghaidh údaruithe i leith seirbhísí neamhsceidh. Tá sé seo á chur chun cinn ag an roinn le linn 2021.

Tionscadal an Rúidbhealaigh Thuaidh

Ag teacht leis an aidhm nascacht na hÉireann a fheabhsú agus céimeanna straitéiseacha a ghlacadh chun dóthain toilleadh a chinntiú don éileamh méadaitheach aerthráchta, leanadh den obair ar an dara tionscadal rúidbhealaigh chomhthreomhar ag Aerfort Bhaile Átha Cliath in 2020. Cuireadh isteach ar an obair ar feadh tréimhse le linn 2020 mar gheall ar shrianta COVID-19. Táthar ag súil go mbeidh an rúidbhealach críochnaithe in 2022.

Réamh-imríteach na Stát Aontaithe

Tháinig Comhaontú Réamh-Imrítigh leasaithe i bhfeidhm an 6 Meán Fómhair 2019. Leis na leasuithe seo, a bhí mar thoradh ar chaibidlíocht fhairsing thar roinnt blianta, ceadaítear seirbhísí réamh-imrítigh breise agus feabhsaithe in aerfoirt na hÉireann lena n-áirítear an poitéinseal do líon foirne breise. Leanfaidh údarás SAM de leibhéal bonnlíne seirbhíse a mhaoiniú. Léiríonn na socruithe athbhreithnithe freisin comhaontú ar thángthas air ar roinnt saincheisteanna eile, lena n-áirítear comhaontuithe comhlíonta marsantais, ainmniú limistéar réamh-imrítigh agus comharthaíocht nua le cur i limistéir réamh-imrítigh.

Díreach roimh an bpaindéim bhí oifigigh bhreise Chustaim agus Cosanta Teorann (CBP) tar éis dul i mbun poist i mBaile Átha Cliath.

Bhí an 8ú Cruinniú de Ghrúpa Comhairliúcháin Réamh-Imrítigh US Ireland (PCCG) le bheith óstaithe ag SAM in 2020, ach i bhfianaise na géarchéime, rinneadh socruithe do chruinniú ar líne. Cuireann an Grúpa fóram ar fáil chun athbhreithniú a dhéanamh ar aon saincheisteanna a bhaineann le feidhmiú Réamh-Imrítigh SAM in Éirinn.

Chomh maith le roinnt príomhpháirtithe leasmhara Éireannacha, bhí toscaireacht na SA comhdhéanta d'oifigigh ón Riarachán Custaim agus Cosanta Teorann agus Slándála Iompair ó Roinn Slándála Dúchais SAM, agus oifigigh ó Roinn Stáit SAM agus Ambasáid SAM in Éirinn.

Staitisticí Eitlíochta

Ar aon dul leis na gealltanais a leagtar amach sa NAP, d'fhoilsigh an Roinn faisnéis staitistiúil eitlíochta ráithiúil ar a suíomh gréasáin le linn 2020 maidir le hAerfoirt Stáit agus Réigiúnacha, lena n-áirítear líon na bpaisinéirí, lasta a iompraítear agus gluaiseachtaí tráchtála aerfoirt. Le teacht na paindéime, bailíodh níos mó staitisticí don rialtas láir agus do ranna eile, agus foilsíodh staitisticí breise ar feadh tréimhse ama.

Táillí Aerfoirt

D'fhoilsigh an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta (CAR) a Chinneadh Deiridh ar uasleibhéal na muirear aerfoirt ag Aerfort Bhaile Átha Cliath don tréimhse 2020 go 2024 an 24 Deireadh

Fómhair 2019. Fuair an tAire dhá achomharc agus bunaíodh Painéal Achomhairc ar an 4 Feabhra 2020. Chinn an Painéal Achomhairc nach raibh bunús leis na forais achomhairc ach chuir sé dhá mhír, ceann amháin as gach achomharc, ar ais chuig CAR le haghaidh athbhreithnithe. Faoin reachtaíocht, ní féidir leis an bPainéal Achomhairc ach an cinneadh bunaidh a dhearbhu nó é a tharchur ar ais chuig CAR. Ar atreorú, d'athraigh CAR a chinneadh ansin. Laghdaigh sé seo an teorainn praghais faoi €0.13 in 2022 agus €0.07 in 2023. Toisc go raibh an Cinneadh roimh phaindéim COVID-19, níor cuireadh tionchar na paindéime san áireamh sa phróiseas achomhairc.

Mar sin, agus a gcinneadh athbhreithnithe á fhoilsiú, thug CAR le fios an dóchúlacht go mbeadh gá le hAthbhreithniú Eatramhach amháin ar a laghad agus gur dócha nach mbeadh feidhm ag an socrú rialála, mar atá sé faoi láthair, do na blianta níos déanaí sa tréimhse 2020-2024.

Tar éis tréimhse comhairliúcháin, d'fhoilsigh CAR Dréacht-Chinneadh ar an Athbhreithniú Eatramhach i mí Dheireadh Fómhair 2020 maidir leis na socruithe rialála do 2020 agus 2021. Mhol CAR go leasófaí gnéithe áirithe de na socraíochtaí rialála do 2020 agus 2021 nach raibh oiriúnach don fheidhm i gcomhthéacs na paindéime COVID-19. Ní raibh sé beartaithe ag CAR aon athruithe a dhéanamh, ag an am seo, ar na lamháltais bloic thógála rialála a chomhdhéanann na teorainneacha bunphraghais i gCinneadh 2019.

Tar éis tréimhse bhreise comhairliúcháin, d'fhoilsigh CAR a Chinneadh ar an Athbhreithniú Eatramhach an 22 Nollaig 2020. Bhí an Cinneadh ag teacht go ginearálta leis an Dréachtchinneadh a foilsíodh i mí Dheireadh Fómhair. San athbhreithniú seo, rinne CAR iarracht aghaidh a thabhairt ar na hiarmhairtí láithreach neamhbheartaithe a bhí cruthaithe ag an bpaindéim. Ba léir gur forais shuntasacha é tionchar COVID-19 chun athbhreithniú den sórt sin a dhéanamh.

Comhaontuithe Aeriompair

Cuid lárnach de bheartas eitlíochta seachtrach an AE is ea Comhlimistéar Eitlíochta Eorpach níos leithne a fhorbairt trí thíortha comharsanachta a chorprú. Chuige sin, rinneadh roinnt comhaontuithe aeriompair a chaibidil idir an AE agus go leor tíortha agus réigiúin chomharsanachta le blianta beaga anuas.

I rith 2020, lean Coimisiún an AE den chaibidlíocht maidir le comhaontú aeriompair cuimsitheach AE le Comhlachas Bhallstáit na Náisiún in Oirdheisceart na hÁise (ASEAN). Thacaigh Éire go hiomlán le hiarrachtaí an Choimisiúin Eorpaigh sa réimse seo. I rith 2020, bhí oifigigh ón roinn i mbun na caibidlíochta sin agus i bplé le tríú tíortha eile tríd an gCoiste Speisialta Eitlíochta agus Grúpa Oibre Eitlíochta na Comhairle Eorpaí.

Chomh maith le Comhaontuithe AE, lean an roinn ar aghaidh le bearta a shaothrú chun feabhas a chur ar chaidreamh déthaobhach eitlíochta na hÉireann le margáí atá ag teacht chun cinn, amhail an Éigipt. Ina theannta sin, rinneadh obair ar na nósanna imeachta intíre is gá chun na comhaontuithe déthaobhacha leis an Araib Shádach agus Óman a thabhairt chun críche.

Léasú Eitlíochta

Leis an mBeartas Náisiúnta Eitlíochta (NAP) féachtar le fás na fiontraíochta eitlíochta a chothú mar phríomh-chuiditheoir le fás agus forbairt eacnamaíoch na hÉireann.

Is é Aviareto an comhfhiontar idir Rialtas na hÉireann agus an Société Internationale de Télécommunications Aéronautiques (SITA) a d'fheidhmigh Clárlann Idirnáisiúnta na Sócmhainní Aerárthaí ó seoladh é in 2006, ar conradh le ICAO agus faoina threoir. Ceadáíonn an Chlárlann Idirnáisiúnta do chlárú slán leasanna airgeadais i sócmhainní aerárthaigh ardluacha. Chuidigh Éire, trína hionadaíocht ar Chomhairle ICAO, síneadh a fháil le conradh Aviareto chun an Chlárlann Idirnáisiúnta a oibriú go dtí 2026 ar a laghad. Is formhuiniú láidir é seo ar thaifead eiseamláireach na cuideachta in oibriú na Clárlainne Idirnáisiúnta go dtí seo.

Lean an roinn, mar scairshealbhóir, ag tacú le forbairt Aviareto ina ról mar oibreoir na Clárlainne Idirnáisiúnta. Ghlac an roinn páirt freisin mar bhall gníomhach de Choimisiún Saineolaíthe an Údaráis Mhaoirseachta (ICAO) den Chlárlann Idirnáisiúnta, ar a dtugtar CESAIR.

Aerfoirt Réigiúnacha

Leathnaíodh an Clár Aerfoirt Réigiúnacha (RAP) 2015 go 2019 go dtí 2020 chun tacaíochtaí spriocdhírthe Stáchtiste a sholáthar d'aerfoirt réigiúnacha; Dún na nGall, Ciarraí agus Aerfort Iarthar na hÉireann (An Cnoc). Cuireadh na tacaíochtaí seo ar fáil trí scéimeanna cúnamh deontais agus bhí siad teoranta d'infheistíochtaí caipitil agus costais oibriúcháin a bhain le sábháilteacht agus slándáil. Thacaigh an Clár freisin le Scéim Oibleagáide Poiblí (PSO) ar dhá aerbhealach; Dún na nGall/Baile Átha Cliath agus Ciarraí/Baile Átha Cliath. Sa bhliain 2020 tugadh an próiseas chun críche chun comharba ar an RAP reatha a fhorbairt.

In 2020, b'ionann an cúnamh deontais d'aerfoirt réigiúnacha Dhún na nGall, Chiarraí agus Iarthar Éireann agus thart ar €5.7m, ina raibh €3.4m i dtacaíochtaí oibriúcháin agus €2.3m i gcúnamh deontais caipitil. Soláthraíodh €7.3m sa bhreis chun freastal ar chostais na PSO.

I mí na Samhna 2020, d'fhógair an Rialtas pacáiste maoinithe d'eitlíocht na hÉireann. Is éard a bhí anseo ná €80m i dtacaíochtaí d'aerfoirt na hÉireann le leithdháileadh trí roinnt clár agus scéimeanna lena n-áirítear an Clár Aerfoirt Réigiúnacha, Clár Réigiúnach Aerfoirt Stáit Covid19 agus an Scéim Tacaíochta Forlíontach Covid19.

Trádáil Taistil

Chun cabhrú le seasamh leachtachta gníomhairí taistil agus tionscnóirí turas ceadúnaithe Éireannach le linn na paindéime COVID-19, thug an Roinn Scéim Nótaí Creidmheasa Aisíocaíochta isteach i gcomhairle leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta i mí an Mheithimh 2020. Tá an Scéim i bhfeidhm ag teacht le moltaí Choimisiún an AE i mBealtaine 2020 maidir le cabhrú le seasaimh leachtachta tionscnóirí turas trína áirithiú go raibh cosaint ag dearbháin aisíocaíochta nó a leithéid in aghaidh dócmhainneachta. Faoin Scéim, is féidir le custaiméir aontú le nóta creidmheasa a ghlacadh seachas le haisíocaíocht airgid, agus tá an nóta creidmheasa sin ráthaithe ag an Stát má théann an t-eisitheoir (gníomhaire taistil nó

tionscnoir turas ceadúnaithe Éireannach) as gnó sular féidir é a fhuascailt. Bíonn an nóta creidmheasa bailí ar feadh suas le dhá bhliain, nuair a ghactar leis, féadtar é a fhuascailt ar airgead tirim tar éis 9 mí agus ar an dáta éaga, agus ag am ar bith is féidir é a úsáid in aghaidh áirithinte nua. Ba é €19m luach na nótaí creidmheasa a eisíodh faoin Scéim le linn 2020.

Rialáil Eitlíochta a Athstruchtúrú

Faoin mBeartas Náisiúnta Eitlíochta, gheall an Roinn córas rialaithe eitlíochta na hÉireann a athstruchtúrú chun an cleachtas is fearr agus forbairtí ag leibhéal an AE a léiriú. Ina dhiaidh sin cheadaigh an Rialtas moladh na Roinne é seo a chur i bhfeidhm trí Rannóg um Rialáil Sábháilteachta (SRD) Údarás Eitlíochta na hÉireann (IAA) a chumasc leis an gCoimisiún um Rialáil Eitlíochta (CAR) chun údarás rialaitheach aonair amháin a chruthú. Tá feidhmeanna tráchtála iarmharacha an IAA, go príomha Seirbhísí Aerloingseoireachta, le coinneáil mar fhiontar rialaithe, faoi úinéireacht an Stáit. Lean an dul chun cinn ar an tionscadal seo in 2020, nuair a earcaíodh an tUasal Diarmuid Ó Conghaile chuig ról an Rialálaí Eitlíochta (Príomhfheidhmeannach Ainmnithe an IAA).

Tacaíonn an Bille Aerloingseoireachta agus Aeriompair leis an gclár athchóirithe rialála eitlíochta. Leanadh le dréachtú mionsonraithe an Bhille in 2020. Fuair téacs an Bhille faomhadh an Rialtais agus foilsíodh é i mí na Nollag.

Tascfhórsa um Théarnamh Eitlíochta

I mí an Mheithimh 2020, d'fhógair an Rialtas bunú Tascfhórsa um Théarnamh Eitlíochta, i gcomhthéacs na ndúshlán gan fasach a bhí roimh an tionscal eitlíochta de bharr na paidéime COVID 19. Tarraingíodh an bhallraíocht ó pháirtithe leasmhara eanála, lena n-áirítear an dá phríomhaerlíne Éireannacha, na haerfoirt, an rialtóir eitlíochta, léasú aerárthach, cuideachtaí cothabhála, deisiúcháin agus oibríochtaí (MRO) agus an saol acadúil. Cuireadh de chúram ar an Tascfhórsa comhairle a thabhairt maidir le creat chun filladh nascacht eitlíochta agus fiontair eitlíochta a chur chun cinn chun tacú leis an téarnamh eacnamaíoch níos leithne, agus chuir sé é sin i gcrích trí roinnt moltaí ina thuarascáil a foilsíodh an 10 Iúil 2020.

An Earnáil Mhuirí

Iompar muirí atá sábháilte agus inbhuanaithe agus seachadadh seirbhísí bainistíochta éigeandála a éascú

I bhfianaise stádas na hÉireann mar gheilleagar beag oscailte, is tairseach ríthábhachtach í an earnáil mhuirí do ghluaiseacht earraí idir Éire agus a comhpháirtithe trádála. As méideanna trádála iomlána na hÉireann, iompraítear os cionn 90% ar muir. Tá ról suntasach ag an earnáil freisin i ngluaiseacht daoine chuig agus ó Éirinn, le beagnach 3 mhilliún duine ag taisteal ar muir i ngnáthbhliain, agus, mar sin, tá sí ríthábhachtach d'fhorbairt na hearnála turasoíreachta. Cuimsíonn ár ról maidir le hiompar muirí ní hamháin éascú a dhéanamh ar fhorbairt an iompair mhuirí ach freisin cur i bhfeidhm agus dearbhú caighdeán agus nósanna imeachta sábháilteachta, teicniúla, saothair agus forfheidhmithe a thugann dearbhú do gach duine atá ag brath ar an bhfarraige.

Bhí sé ina thosaíocht ag an roinn in 2020 a chinntiú go bhféadfadh calafoirt, oibríochtaí loingseoireachta agus gnéithe uile an tslabhra soláthair mhuirí de chuid na hÉireann leanúint ar aghaidh ag feidhmiú ar fud COVID-19. Glacadh roinnt bearta i rith na bliana chun a chinntiú go bhféadfadh seirbhísí muirí leanúint ar aghaidh gan bhriseadh d'fhonn an slabhra soláthair a choinneáil ag gluaiseacht le seachadadh earraí agus seirbhísí riachtanacha.

Freagairt COVID-19

Mar thoradh ar an bpaindéim COVID-19 is beag nár thit trácht na bpaisinéirí farantóireachta as a chéile go hiomlán agus tháinig laghdú géar ar ghníomhaíocht lasta. I míonna tosaigh na paindéime, tháinig laghdú breis agus 95% ar ghluaiseachtaí paisinéirí agus tháinig laghdú thart ar 40% ar mhéideanna lasta. Chruthaigh sé sin amhras faoi inmharthanacht tráchtála na mbád farantóireachta paisinéirí agus lasta comhcheangailte, ar a dtugtar ROPAX, ar chonairí loingseoireachta na Mór-Roinne agus an Deiscirt. Bhí imní ar oibreoirí ag an am sin faoina gcumas an leibhéal reatha seirbhíse ar na bealaí seo a choinneáil.

Tugadh isteach socrú sealadach PSO Covid chun aghaidh a thabhairt ar chliseadh féideartha sa mhargadh ar phríomhbhealaí áirithe ROPAX ar feadh 3 mhí, ag cinntiú gur lean seirbhísí loingseoireachta fós ag feidhmiú. Lean calafoirt chomh maith le seirbhísí loingseoireachta ar aghaidh ag feidhmiú ar feadh 2020 in ainneoin thionchar COVID 19. Chinntigh an dá rud iompar soláthair ríthábhachtacha, earraí agus pearsanra riachtanacha isteach agus amach as an tír agus athdhúichiú na saoránach.

Áirítear le bearta eile:

- fóram a bhunú chun teagmháil rialta a dhéanamh le páirtithe leasmhara calafoirt agus loingseoireachta agus monatóireacht leanúnach ar an gcás - le cúnamh ó Oifig Forbartha Muirí na hÉireann (IMDO) - chun saincheistanna a thagann chun cinn a réiteach nuair is féidir, tuairimí páirtithe leasmhara a fháil ar thograí agus iad a choinneáil cothrom le dáta ar fhorbairtí
- síneadh ginearálta lena chinntiú gur fhan doiciméadú maraithe agus deimhniú soithí fós bailí le linn na géarchéime;;
- athruithe criúnna ag Calafóirt na hÉireann a éascú;
- Treoir d'oibríthe slabhra soláthair a fhoilsiú, i gcomhar leis an Roinn Sláinte, ag aithint gur oibríthe riachtanacha iad foireann calafoirt agus muirí, agus nach bhfuil siad faoi réir srianta taistil COVID
- Fóram Lóistíochta Náisiúnta a bhunú a raibh an Institiúid Chairte Lóistíochta agus Iompair ina chathaoirleach air chun deis a thabhairt do phlé maidir le réitigh tráchtála/teicniúla a sholáthar ar shaincheistanna a bhfuil tionchar acu ar an earnáil lóistíochta agus iompair níos leithne sa chuid luath den phaindéim
- cuidiú ar leibhéal an AE maidir le solúbthacht ar reachtaíocht um chearta paisinéirí, athruithe beartaithe ar an rialachán calafoirt, agus cur chun feidhme an tionscnaimh 'lánaí glasa' chun gluaiseacht neamhsrianta a áirithiú d'oibríthe riachtanacha sa slabhra soláthair
- prótacal taistil muirí comhaontaithe a fhorbairt agus a fhoilsiú, i gcomhairle leis na húdaráis sláinte poiblí agus leis an tionscal, chun paisinéirí a bhainistiú go sábháilte i bhfianaise COVID-19. Leis an prótacal leagadh amach na hionchais agus na ceanglais ar an tionscal chun sábháilteacht sláinte poiblí na bpaisinéirí, na foirne agus an chriú a chinntiú
- doiciméad Ceistanna Coitianta COVID-19 a bhaineann le Muirí a fhoilsiú

Beartas Náisiúnta um Chalafóirt

De réir Bheartas Náisiúnta na gCalafort agus fhorálacha an Achta Cuanta 2015, leanadh den obair ar aistriú na gcúig Chalafort a bhfuil Tábhacht Réigiúnach ag baint leo chuig rialú údaráis áitiúil a chur chun cinn le haistriú rathúil Chuideachta Chuan na Gaillimhe go Comhairle Cathrach na Gaillimhe an 1 Eanáir 2021. Tagann sé seo i ndiaidh aistriú na gceithre chalafort eile chuig na húdaráis áitiúla ábhartha in 2016 (Cuideachta Calafóirt Chill Mhantáin), 2017 (Cuideachta Calafóirt Dhroichead Átha), 2018 (Cuideachta Cuain Dhún Laoghaire) agus 2019 (Cuideachta Calafóirt Ros Mhic Thriúin).

In ainneoin tionchair COVID 19, láimhseáil calafoirt na hÉireann 51.4 milliún tona earraí in 2020. Ag teacht leis an aidhm nascacht na hÉireann a fheabhsú agus toilleadh iomlán

náisiúnta calafoirt leordhóthanach a chinntiú, lean na trí Chalafort Shraith 1 a bhfuil Tábhacht Náisiúnta ag baint leo le mórfhorbairt bonneagair i 2020, le Tionscadal Athfhorbartha Abhantrach Alastair ag Calafort Bhaile Átha Cliath, Tionscadal Athfhorbartha Rinn an Scidigh ag Calafort Chorcaí agus oibreacha sínte Acmhainne i bhFaing na Sionainne. Ina theannta sin, i mí Iúil 2020, thug an Bord Pleanála cead pleanála 15 bliana do Thionscadal MP2 do Chalafort Bhaile Átha Cliath, an dara ceann de na trí thionscadal forbartha bonneagair straitéisigh a theastaíonn chun a Mháistirphlean 2040 a sheachadadh. Tá oibreacha a shamhlaítear faoin Tionscadal MP2 á bpleanáil faoi láthair. agus táthar ag súil go gcuirfear tús le tógáil ar na chéad eilimintí in 2022. Baineann an tríú Tionscadal Máistirphlean, an ceann deiridh – Tionscadal 3FM – go príomha le forbairt tailte calafoirt ar Leithinis an Phoill Bhig agus tá tús curtha ag an gcuideachta leis an gcéad chéim de chomhairliúchán le páirtithe leasmhara agus poiblí. Cuirfidh na hinfheistíochtaí seo ar chumas na gcalafort toilleadh agus tréachur a mhéadú, soithigh níos mó a éascú agus nascacht mhuirí a bharrfheabhsú.

